» I BHFEIDHM ÓN 23Ú FEABHRA 2015

# Athrú Beartaithe Uimh. 1 Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021

**Glactha: 24 Aibreán, 2017**



Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe

2015 » 2021

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Caibidil 2 – An Straitéis Spáis, An Croí-Straitéis agus An Straitéis Lonnaíochta

## 2.1 Cúlra

Is éard atá i Straitéis Spáis Phlean Forbartha an Chontae, á chur chomh simplí agus is féidir, ná dáileadh spáis leathan daoine agus gníomhaíochtaí a leagann amach an creat d'fhorbairt inbhuanaithe na Gaillimhe sa todhchaí. Déantar an Straitéis Spáis a chinneadh trí scrúdú a dhéanamh ar raon roghanna forbartha ionchasacha don Chontae, ag teacht ar an toradh is oiriúnaí a chuideoidh chun na hAidhmeanna Straitéiseacha, mar a bhfuil cur síos orthu i gCaibidil 1, a sheachadadh.

## 2.2 An Straitéis Spáis

Agus an creat d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae sa todhchaí á leagan amach ní mór don Straitéis Spáis na spriocanna daonra réigiúnacha a leagtar amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a chur san áireamh agus cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is fearr leis an daonra seo a dháileadh ar fud an Chontae, thar shaolré an phlean. Chuige seo scrúdaíodh roinnt roghanna forbartha chun a fháil amach cén rogha a dhéanfadh an seachadadh is éifeachtaí ar an bhfís do Chontae na Gaillimhe agus d'Aidhmeanna Straitéiseacha an phlean.

### 2.2.1 Roghanna Forbartha

Tá roinnt roghanna forbartha ionchasacha liostaithe thíos a dréachtaíodh agus raon gnéithe á chur san áireamh lena n-áirítear méid na lonnaíochtaí laistigh den Chontae, treochtaí fáis agus daonra, leithroinntí daonra réigiúnacha, íogaireachtaí comhshaoil agus fáil ar sheirbhísí. Tá na roghanna léirithe go mion agus measúnaithe go cuí mar chuid de Thuarascáil Chomhshaoil an SEA (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) den Phlean. Áirítear iontu **a)** fás a chomhchruinniú i gceantair uirbeacha agus i lonnaíochtaí, **b)** fás a dhíriú i Molbhaile Thuama den chuid is mó, **c)** forbairt scaipthe ar fud an Chontae a spreagadh agus ar deireadh **d)** Molbhaile Thuama a fhorbairt, tacú leis an mbaile tairsí agus leis na príomhbhailte agus forbairt ionad lonnaíochta eile agus forbairt chuí sna Ceantair Tuaithe a spreagadh.

### 2.2.2 Na Roghanna Forbartha is Fearr

Tógann Straitéis Spáis an Chontae ar na prionsabail a bunaíodh i *bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009-2015* roimhe seo, agus ar na creata a chuir an Straitéis Spáis Náisiúnta agus na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022,* ar fáil.


Is éard atá sa rogha roghnaithe go príomha ná cur chuige struchtúrtha i leith fhorbairt todhchaí an Chontae, ionaid uirbeacha láidre á dtógáil, cruthú post agus athnuachan á n-éascú, tacú le geilleagar na tuaithe agus sócmhainní nádúrtha, oidhreachta agus comhshaoil an Chontae a bhainistiú go cúramach, agus géarú ar bhaol tuile á sheachaint.

Tacaíonn an rogha forbartha roghnaithe le Tairseach Chathair na Gaillimhe in aice láimhe agus aithníonn Ceantar Uirbeach na Gaillimhe atá bainteach léi, mar a bhfuil tagairt dó sna Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála (RPG), a bhfuil limistéar na Cathrach agus roinnt Toghrann sa Chontae taobh leis nasctha go dlúth leis agus a fheidhmíonn mar chuid den Tairseach. Díríonn an rogha seo ar mhais chriticiúil a chothú i Molbhaile Thuama chun an Tairseach a chomhlánú agus forbairt na bpríomhbhailte agus na sráidbhailte níos lú feadh chonairí forbartha straitéiseacha, a meastar a dhéanfaidh na Ceantair Tuaithe mórthimpeall laistigh den Chontae a fhuinnmhiú. Fad a dhíríonn na conairí forbartha straitéiseacha ar na príomhbhealaí iompair atá bunaithe agus pleanáilte laistigh den Chontae, lena n-áirítear bóithre agus iarnród, leagfar béim níos mó ag an am céanna ar chomhtháthú úsáid talún agus iompair go ginearálta, achar taistil á laghdú agus aistriú córa iompair á fhíorú go roghanna iompair níos inbhuanaithe.

Leanann an cur chuige seo leis an gcoincheap de Chonair Gheilleagrach Straitéiseach soir ó Chathair na Gaillimhe, idir Órán Mór agus Áth Tíomáin, ceantar a bhfuil rochtain éasca aige agus comhchruinniú ard infrastruchtúir luachmhar agus seanbhunaithe. Tá an t-ionchas ag an gceantar seo leibhéil shuntasacha infheistíochta a mhealladh agus forbairt gheilleagrach agus cruthú fostaíochta a spreagadh, roinnt feidhmeanna geilleagracha á dhéanamh le tacú leis an gCathair, leis an gContae agus leis an réigiún níos leithne. Ach anuas ar choincheap na conaire geilleagraí a chur chun cinn,

buacacht na n-ionad geilleagrach atá ann faoi láthair ar fud an Chontae a choinneáil, fad agus a chuirtear leis an mbonn turasóireachta agus a thacaítear le fiontar inbhuanaithe maoinithe faoi dtuath, tá sé criticiúil cur chuige cothrom a chinntiú maidir leis an gContae a fhorbairt tuilleadh.

Molann an rogha forbartha roghnaithe freisin coinneáil le príomhghnéithe *Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe* (GTPS), mar a bhfuil glactha ag Cathair agus Contae na Gaillimhe araon leis i 2003. Bhí Cathair na Gaillimhe agus a cúlchríoch san áireamh sa staidéar GTPS, ar cheantar é laistigh de thart ar 30km thart timpeall ar an gCathair. Bhí roghanna iompair agus lonnaíochta araon san áireamh i moltaí an staidéir. Mhol sé forbairt laistigh de Chathair agus de Chontae na Gaillimhe a chomhdhlúthú laistigh de chonair bheartaithe don leathnú soir, ceantar a dtugtar Na hArdáin agus An Garrán air go hiondúil. Dhírigh sé freisin ar na príomhbhailte contae laistigh d'abhantrach na Gaillimhe a fhorbairt, á nascadh le Cathair na Gaillimhe ar líonra gathach bealaí seasta contae-bhunaithe. Bheartaigh sé freisin leanúint le bainistiú cúramach *Cheantar Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe* (GTPS). Is é seo an ceantar sa Chontae a raibh fás ar luas mear ann i rith blianta ráthúla an Tíogair Cheiltigh, rud a fhágann go bhfuil ardleibhéil forbairtí tithe aonair agus treochtaí méadaitheacha spleáchais ar an ngluaisteán príobháideach ann. Tacaítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) a d'ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) sa bhliain 2016 leis an rogha forbartha roghnaithe. Ag teacht faoin limistéar staidéir i Straitéis Iompair na Gaillimhe, tá limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe chomh maith le lonnaíochtaí Bhearna, Mhaigh Cuilinn, Bhaile Chláir, Órán Mór agus limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe. Is é cuspóir foriomlán na straitéise ná dul i ngleic le fadhbanna iompair laistigh den limistéar staidéir agus iad a mhaolú. I measc bearta a aithnítear laistigh den GTS tá tionscnaimh iompair phoiblí, soláthar líonra bus, iarnród, saoráidí páirceála agus taistil, líonraí rothaíochta agus bóthar an N6, cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCRR) a chur ar fáil, rud atá tugtha mar Chuspóir Infreastruchtúr Iompair Tosaíochta i dTábla 5.1, Caibidil 5 sa phlean seo. Ar deireadh, i dtéarmaí níos leithne, déanann an rogha forbartha roghnaithe iarracht soláthar do cháilíocht na beatha feabhsaithe do gach saoránach i gContae na Gaillimhe, bunaithe ar phobail chónaitheacha inbhuanaithe ardcháilíochta, a fhorbraítear mar aon le hinfrastruchtúr sóisialta agus soláthar timpeallachta caitheamh aimsire agus oibre taitneamhach do chách.


N
Áirítear sonraí ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann arna atáirgeadh faoi uimhir Cheadúnais OSi 2010/15/CCMA/Comhairle Chontae na Gaillimhe
Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaraithe Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Cóipcheart Rialtas na hÉireann
Teorainn Contae
GTPS
Ceantar Cathrach na Gaillimhe
Geatabhealach na Gaillimhe
Inneall Eacnamaíoch
Infrastruchtúr Conairí Iompair
Molbhaile Thuama
Baile Contae Bhéal Átha na Sluaighe
Príomhbhailte/Bailte Eile
Bailte & Sráidbhailte Eile
Sráidbhailte & Ceantair Tuaithe
Sócmhainní & Áiseanna
Príomhnaisc Iompair
Líne Larnróid
Stáisiún Traenach
Conair Eacnamaíoch Straitéiseach
Nód Straitéiseach na nArdán/An Garrán
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
Phlean Forbartha Contae 2015-2021
Teideal
Straitéis Spáis Foriomlán agus an Rogha Forbartha Molta - OSS
Dáta
Feabhra 2015
Línithe
LSL
Scála
NDS

## 2.3 Cuspóirí na Straitéise Forbartha

| Cuspóirí Straitéise Forbartha |
|---|
| **Cuspóir DS 1 – Straitéis Forbartha**<br>Is é cuspóir uileghabhálach Chomhairle Contae na Gaillimhe tacú le forbairt inbhuanaithe Chontae na Gaillimhe agus í a éascú de réir na rogha straitéise forbartha roghnaithe: **Rogha 4 – Molbhaile Thuama a fhorbairt, tacú leis an Tairseach agus le Príomhbhailte agus Forbairt Ionad Lonnaíochta eile agus Forbairt Chuí sna Ceantair Tuaithe a Spreagadh,** a cheadóidh do Chontae na Gaillimhe forbairt ar bhealach a choinníonn agus a fheabhsaíonn cáilíocht bheatha phobal áitiúla, a spreagann deiseanna d'fhorbairt gheilleagrach, roghanna iompair inbhuanaithe, comhtháthú sóisialta, agus a chosnaíonn an oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha agus an comhshaol, agus na ceanglais reachtúla ábhartha á gcomhlíonadh. |
| **Cuspóir DS 2 – Ceantar Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe (GTPS)**<br>**a)** Leanúint ar aghaidh ag tabhairt aitheantais do *Cheantar Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe*, crios comaitéara Chathair na Gaillimhe, a dteastaíonn bainistiú cúramach fáis agus polasaithe láidre uaidh leis an bhfás seo a mhúnlú agus tionchar a imirt air ar bhealach inbhuanaithe.<br>**b)** Tacú le hathbhreithniú ar *Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimh* i rith saolré an Phlean, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Beidh breithniú ar Mheasúnú Iompair Straitéiseach a chur san áireamh mar chuid den athbhreithniú seo. |
| **Cuspóir DS 3 – Úsáid Talún agus Iompar Inbhuanaithe Comhtháite**<br>Pleanáil úsáid talún agus pleanáil iompair inbhuanaithe a chomhtháthú, comhdhlúthú forbartha a spreagadh, patrúin taistil inbhuanaithe a spreagadh tríd an gá taistil a dhéanamh a laghdú, go háirithe le hiompar príobháideach, agus tosaíocht á tabhairt don siúl, don rothaíocht agus d'iompar poiblí. |
| **Cuspóir DS 4 – Aimsiú Infheistíochta agus Tacú léi**<br>Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe iarracht infheistíocht a aimsiú nó tacú le hinfheistíocht, mar is cuí, san infrastruchtúr riachtanach le coinneáil leis na Straitéisí Lonnaíochta, Croí agus Spáis mar atá leagtha amach sa Phlean seo. |
| **Cuspóir DS 5 – Cosaint agus Bainistiú Sócmhainní an Chontae**<br>Na sócmhainní a chuireann le carachtar uathúil radhairc agus timpeallachta agus meon féiniúlachta Chontae na Gaillimhe agus atá mar bhuntaca ag an turasóireacht, oidhreacht, bithéagsúlacht agus cáilíocht na beatha a chosaint agus a bhainistiú. |

**Cuspóir DS 6 – Measúnú ar Líonra Natura 2000 agus ar an Treoir maidir le Gnáthóga**
Suíomhanna Eorpacha a chosaint atá mar chuid de líonra Natura 2000 (lena n-áirítear Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta) de réir na gceanglas sa Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE), an Treoir maidir le hÉin ón AE (2009/147/CE), an tAcht um Phleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011(IR Uimh. 477 de 2011) (agus aon leasú nó reachtaíocht nuashonraithe ina dhiaidh sin) agus ag féachaint go cuí don treoir i dTreoirlínte do Mheasúnú Oiriúnachta 2010 (agus aon treoir nuashonraithe nó dá éis). Ní dhéanfar plean nó tionscadal (e.g. forbairt bheartaithe) laistigh de limistéar an phlean a údarú ach tar éis don údarás inniúil (Comhairle Chontae na Gaillimhe) seo a leanas a fháil amach, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta, agus/nó Measúnú Treorach maidir le Gnáthóga nuair is gá:

- **a)** Ní eascróidh éifeachtaí díobhálacha suntasacha díreacha, indíreacha nó tánaisteacha ar shláine aon tsuímh Eorpaigh de bharr an phlean nó an tionscadail (leis féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile); nó
- **b)** Beidh éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag an bplean nó an tionscadal ar shláine aon suímh Eorpaigh (nach bhfuil cineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta ann agus/nó speiceas tosaíochta) ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích mar sin féin ar chúiseanna dianriachtanais leasa sáraithigh poiblí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil nádúr geilleagrach nó sóisialta acu. Sa chás seo, beidh ceanglas ann na nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus aontú is tabhairt faoi gach beart cúiteach is gá le cosaint comhtháthú foriomlán Natura 2000 a chinntiú; nó
- **c)** Beidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon suímh Eorpaigh (a bhfuil cineál gnáthóige nádúrtha agus/nó speiceas tosaíochta ann) ach nach bhfuil aon réitigh mhalartacha ann agus nach mór an plean nó an tionscadal a chur i gcríoch ina dhiaidh sin ar dhianchúiseanna leasa sáraithigh poiblí, srianta do chúinsí sláinte an duine nó sábháilteachta poiblí, d'iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht bunaidh leo don chomhshaol nó, maidir le tuairim ón gCoimisiún, dianchúiseanna eile leasa sáraithigh poiblí. Sa chás seo, is ceanglas a bheidh ann leanúint leis na nósanna imeachta atá leagtha síos sa reachtaíocht agus aontú is tabhairt faoi gach beart cúiteach is gá le cosaint comhtháthú foriomlán Natura 2000 a chinntiú.

**Cuspóir DS 7 – Bainistiú agus Measúnú Baol Tuile**
Cinntiú go ndéantar moltaí d'fhorbairtí atá lonnaithe taobh istigh de cheantair ina bhfuil baol tuile aitheanta nó ionchasach, nó a d'fhéadfadh cur le baol tuile in áiteanna eile, a mheas de réir forálacha na dTreoirlínte um Bhainistiú Baol Tuile 2009 (nó aon cháipéis nuashonraithe/a ghabhadh ina n-áit) agus na polasaithe, cuspóirí agus treoirlínte ábhartha laistigh den phlean agus cuirfidh san áireamh chomh maith an Clár Náisiúnta CFRAM Mapáil Baoil Tuilte agus Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte nuair a bhíonn siad ar fáil.

**Cuspóir DS 8 – Athrú Aeráide**
Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus leis an gcáipéis a leanann é, an Creat Oiriúnaithe Náisiúnta um Athrú Aeráide, Tógáil ar Athléimneacht um Athrú Aeráide 2012, ar bhonn leanúnach trí fheidhmiú cuspóirí tacaíochta sa bplean seo, go háirithe iad siúd a thacaíonn le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus malartacha, iompar inbhuanaithe, cáilíocht aeir, bithéagsúlacht, infreastruchtúr glas,bainistíocht crios an chósta, tuile agus creimeadh ithreach.

**Cuspóir DS 9 – Tionscadail/ Oibreacha Feabhsúcháin Gaolmhara/Infrastruchtúr agus Measúnú Oiriúnach**
Cinntigh go bhfuil aon tionscadail bheartaithe agus aon oibreacha feabhsúcháin bainteach leo nó infrastruchtúr gaolmhar bainteach le tionscadail fuinnimh in-athnuaite; soláthar uisce agus aistarraingt; fuíolluisce agus scaoiltí; maolú agus cosc tuilte; bóithre, línte cumhachta agus teileachumarsáid; agus foráil áineasa agus chaitheamh aimsire faoi réir ag Measúnú Oiriúnach nuair is cuí.

**Cuspóir DS 10 –Tionchair Forbairtí ar Shuíomhanna Cosanta**
Aird a thabhairt ar thionchair forbartha ar nó gar do Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá ann cheana nó molta, Limistéir Chosanta Speisialta agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta, Anaclanna Dúlra, Suíomhanna Ramsar, Tearmann Éanlaithe Fiáine, Uiscí Salmainide, Tearmainn do Flora agus Fauna,

Páirc Náisiúnta Chonamara, uiscí sliogéisc, abhantrach diúilicíní péarla fionnuisce agus aon suíomh ainmnithe eile lena n-áirítear ainmniúcháin a dhéanfar amach anseo.

**Cuspóir DS 11 – Conairí Forbartha Straitéiseacha**
Fás nua a chomhordú laistigh de phríomhbhailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí feadh na gconairí forbartha straitéiseacha ar fud an Chontae chun patrúin forbartha níos inbhuanaithe a chruthú agus chun infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a dhéantar laistigh den Chontae a bharrfheabhsú agus tacú le forbairt oiriúnach na Conaire Geilleagraí Straitéisí.

**Cuspóir DS12 – Forbairt bunaithe ar Sheirbhísí**
Ní cheadófar forbairt ach amháin sa chás go bhfuil soláthar sásúil uisce agus dramhuisce ann leis an bhforbairt a sheirbhísiú, soláthar atá ann cheana nó soláthar a bheidh le cur ar fáil ag an iarratasóir an t-am céanna leis an bhforbairt.

**Cuspóir DS 13 – Monatóireacht SEA ar an bPlean**
Tabhairt faoi mhonatóireacht SEA ar an bplean lena chinntiú go n-aithnítear aon tionchair suntasacha comhshaoil ionchasacha a bhainfeadh leis an bplean a fheidhmiú agus le gur féidir dul i ngleic leo dá réir.

## 2.4 An Croí-Straitéis

Is cuid dhílis den Straitéis Spáis í An Croí-Straitéis. Déanann sí na spriocanna daonra do Ghaillimh atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí a thrasuí agus déanann iad a leithroinnt ar fud an Chontae, rud a chinneann an Chéimiúlacht Lonnaíochta ina sheal agus cuireann réasúnaíocht ar fáil do mhéid agus do láthair na talún a bhfuil sé i gceist criosú a dhéanamh air.

Is ceanglas reachtúil faoin *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú) é ullmhú Croí-Straitéise mar chuid de phróiseas Phlean Forbartha an Chontae, a bhunaíonn straitéis fianaise-bhunaithe shoiléir d’fhorbairt spáis inbhuanaithe an Chontae. Is meicníocht freisin é a léiríonn go bhfuil cuspóirí an Phlean Forbartha ag teacht le cuspóirí forbartha réigiúnacha agus náisiúnta mar atá leagtha amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí.

**CEANGLAIS REACHTÚLA DON CHROÍ-STRAITÉIS**

Ceanglaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt ar an gCroí-Straitéis:

- Eolas ábhartha a chur ar fáil chun a léiriú go bhfuil an Plean Forbartha agus an Straitéis Tithíochta ag teacht leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus le Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí.
- Aird a thabhairt ar aon pholasaí de chuid an Aire maidir le spriocanna daonra.
- Na ceanglais do chriosú talún d’úsáid chónaitheach agus/nó meascán d’úsáid chónaitheach agus úsáid eile a chainníochtú agus na haonaid tithíochta atá le háireamh sa cheantar a chainníochtú.
- An chaoi a dtagann moltaí criosaithe le polasaí náisiúnta a léiriú agus go ndéanfar forbairt ar bhonn céimnithe.
- Léiriú gur thug an tÚdarás Pleanála aird ar aon treoirlínte Aireachta a bhaineann le miondíol agus cuspóirí maidir le forbairt miondíola á leagan amach sa bplean.
- Ordlathas lonnaíochta a leagan amach.
- Léiriú amhairc/Mapa Croí-Straitéise de chineál léaráide a bheith san áireamh, a léiríonn an t-eolas thuas.
- Tábla Croí-Straitéise a bheith san áireamh, a thugann achoimre ar na príomhstaitisticí sa Chroí-Straitéis maidir le dáileadh daonra agus tithíocht sa todhchaí agus a ailíniú leis na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála.

Príomhaidhmeanna na Croí-Straitéise

- Tógáil ar na naisc ar an leibhéal réigiúnach idir Contae na Gaillimhe, an Tairseach agus áiteanna eile de Réigiún an Iarthair trí thacú le forfheidhmiú na straitéise spáis réigiúnaí, mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Pleanála do Réigiún an Iarthair. Tá sé d'aidhm ag an straitéis spáis réigiúnach Tairseach na Gaillimhe, Mol Thuama agus Mol Nasctha Bhéal an Átha-Caisleán an Bharraigh a fhorbairt, tacaíocht aici ó fhorbairt Thairseach Bhaile Átha Luain agus ó na príomhbhailte, forbairt ionad lonnaíochta eile á spreagadh agus forbairt oiriúnach i gCeantair Tuaithe an réigiúin.

- Foráil d'fhás an Chontae i dtreo spriocdhaonra de 198,500 duine faoi 2022, mar atá leagtha amach i *dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022* agus an chuid sin d'fhás an daonra a bhfuil súil leis go dtí 2021 a dháileadh, de réir na Straitéise agus Ordlathais Lonnaíochta atá leagtha amach sa bplean seo.

- Díriú ar fhás níos mó i Molbhaile Thuama, sna príomhbhailte, bailte agus sráidbhailte eile ar leibhéil íochtair, ar bhealach seicheamhach, an ról a bheidh ag naisc nua infrastruchtúir agus iompair phoiblí dóibh amach anseo á aithint fad agus a choinnítear inmharthanacht pobal tuaithe i gcúlchríocha na mbailte agus na sráidbhailte seo.

- Ardleibhéal cosanta comhshaoil a chinntiú i bhforfheidhmiú na Croí-Straitéise agus aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha an phlean.

### 2.4.1 Mar atáthar ag teacht leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha

Go ginearálta, is iad seo a leanas príomhchuspóirí na *Straitéise Spáis Náisiúnta* agus na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022* ar chóir go n-ailíneodh Plean Forbartha an Chontae leo:

| Cuspóirí Straitéiseacha na SSN agus RPGanna |
| --- |
| • Soláthar d'fhás daonra de réir spriocanna daonra réigiúnacha.<br>• Cur chun cinn forbairt réigiún an iarthair, go háirithe do Ghaillimh, Tairseach Chathair na Gaillimh agus Molbhaile Thuama, acmhainní na Tairsí á nascadh le ceantair eile.<br>• Tacú leis na rólanna comhfhreagracha do bhailte ar mheánmhéid, bailte níos lú agus sráidbhailte mar fhócas do ghníomhaíocht shóisialta agus gheilleagrach agus forbairt chónaitheach.<br>• Ceantair Tuaithe bhríomhara agus éagsúlaithe a chothú agus cineálacha difriúla ceantar tuaithe a shainaithint mar aon leis an ngá freagairtí difriúla a thabhairt do chúinsí oiriúnacha.<br>• An tIarthar a athbheochan bunaithe ar éagsúlú geilleagair a bhí láraithe ar an talmhaíocht, agus an t-ionchas geilleagrach bunaithe in acmhainní mara, nádúrtha agus turasóireachta a aithint mar aon le cineálacha áirithe forbartha fiontair.<br>• Freagairt do riachtanais infrastruchtúir an réigiúin don am i láthair agus don todhchaí.<br>• Aithint gur réamhriachtanas é timpeallacht ardcháilíochta do rathúnas geilleagrach, comhtháthú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe.<br>• Cáilíocht na beatha do gach saoránach a fheabhsú agus cultúr oidhreachta na Gaeltachta a chosaint agus a neartú.<br>• Naisc a láidriú ó thaobh líonraí maithe iompair, cumarsáide agus fuinnimh chun ceantair a chumasú le teacht i dtír ar a láidreachtaí féin. |

- Infrastrachtúr rochtana comhtháite agus iompar inbhuanaithe a éascú agus a sholáthar, iompar poiblí a spreagadh, éileamh ar thaisteal a íoslaghdú, sábháilteacht a uasmhéadú agus gluaiseacht éifeachtúil earraí agus daoine a chumasú.
- Comhoibriú le réigiúin eile a spreagadh le conairí geilleagracha a fhorbairt a luathaíonn fás réigiúnach foriomlán.

### 2.4.2 Mar atáthar ag cloí le Spriocanna Daonra Náisiúnta agus Réigiúnacha

Tá na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair tar éis éifeacht a thabhairt do spriocanna daonra náisiúnta a shannaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, trí spriocanna daonra réamhshainithe a ainmniú le huas-sprioc ag leibhéal an Chontae agus le híos-sprioc ag leibhéal an Mhoil. Ní mór do Phlean Forbartha an Chontae a bheith i gcomhréir leis na spriocanna daonra atá leagtha amach sna RPGanna, arbh é an pointe tosaigh do leithroinnt daonra na Croí-Straitéise i measc na lonnaíochtaí éagsúla laistigh den Chontae.

| Spriocanna Daonra | Réigiún an Iarthair | Contae na Gaillimhe | Mol Thuama |
|---|---|---|---|
| **2010** | 442,200 | 170,100 | 7,600 |
| **2016** | 484,700 | 185,860 | 8,600 |
| **2022** | 521, 400 | 198, 500 | 9,500 |
| **Méadú ar an Sprioc 2010-2022:** | **79,200** | **28,400** | **1,900** |

**Tábla 2.1: Spriocanna Daonra Réigiún an Iarthair** (Foinse: Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí 2010-2022)

| Limistéar | Daonáireamh 2011 |
|---|---|
| **Réigiún an Iarthair** | 445,356 |
| **Contae na Gaillimhe** | 175,124 |
| **Tuaim** | 8,242<br>**(Tuaim & Purláin san áireamh)** |

**Tábla 2.2: Figiúirí Daonáirimh** (Foinse: Daonáireamh 2011)

### 2.4.3 Anailís ar Fhigiúirí Daonra Réigiúnacha

Dar le hanailís ar shonraí Daonáirimh, tháinig méadú de 65,059 ar dhaonra Réigiún an Iarthair idir 2002 agus 2011, ar ionann é agus meánmhéadú de 7,229 per annum ar an daonra. Dhéanfadh sprioc d'fhás daonra réigiúnach na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí de 79,200m thar an tréimhse 2010 go 2022, meánmhéadú daonra de 6,600 a sheachadadh gach bliain, ach é sin ráite is é 7,083 sprioc ráta fáis na RPGanna ó 2010-2016 agus 6,117 ó 2016-2022. Is daonra méadaitheach dearfach an treocht fhoriomlán go dtí seo; an méadú iarmhír ó sprioc 2010 go dtí figiúr Daonáirimh 2011 ag 3,156 nó 45% den fhás spriocdhírithe bliantúil don tréimhse 2010-2016.

Ba é sprioc daonra PGR do Réigiún an Iarthair in 2010 ná 442,200. Nuair a chuirtear an meánfhás bliantúil ó 2002-2011 de 7,229 leis an bhfigiúr seo de 442,200, tagann figiúr de 449,429 chun cinn do 2011, atá beagán níos airde ná figiúr iarbhír daonra an Daonáirimh do Réigiún an Iarthair, arbh ionann é agus 445,356. Tá ag éirí go maith le Contae na Gaillimhe agus é ag dul i dtreo sprice RPG 2016, mar gurb é 2,627 an meánráta fáis bliantúil a bhfuil coinne leis do Chontae na Gaillimhe agus tá an ráta fáis iarbhír do Chontae na Gaillimhe do 2010 go 2011 beagnach dhá oiread an fhigiúir sin ag 5,024.

Tá réamhaisnéisí daonra náisiúnta á n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) bunaithe ar thorthaí Daonáirimh 2011. Nuair a bhíonn siad seo ullmhaithe meastar go n-ullmhóidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil spriocanna daonra leasaithe do Limistéir Údarás Áitiúla, Tairseacha agus Moil a mbeidh tionchar acu ar an gcéad athbhreithniú eile de na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí. Meastar áfach nach mbeidh athruithe suntasacha ar spriocanna daonra dá bharr mar go leanann na spriocanna daonra i Réigiún an Iarthair orthu ag soláthar bonn réadúil d'fhorbairt an réigiúin agus don Chroí-Straitéis do Chontae na Gaillimhe don tréimhse 2015 go 2021.

### 2.4.4 Anailís ar Fhigiúirí Daonra Contae

Tháinig méadú ar dhaonra limistéir riaracháin Chontae na Gaillimhe ó 143,245 in 2002 go 175,124 duine in 2011. Ar na figiúirí is inchurtha idir an daonra iarbhír agus spriocanna tá Figiúirí Daonáirimh 2011 de 175,124 agus na meastacháin shonraithe RPG de 170,100, difríocht de 5,024.

Ag leibhéal an Chontae mhéadaigh an daonra de 31,879 ó 2002 go 2011, ar mheánmhéadú bliantúil de 3,542 duine é per annum. Is é 15,760 an daonra sprice RPG don tréimhse 2010 go 2016, ar ionann é agus meánfhás bliantúil de 2,627 duine per annum. Mar sin d'fhéadfadh go mbeadh figiúirí daonra 2011 tar éis 173,642 nó 172,727 a bhaint amach dá leanfadh na treochtaí seo, an dá fhigiúr seo faoi bhun figiúr iarbhír an Daonáireamh 2011 de 175,124, difríocht de 1,482 nó 2,397 duine faoi seach. Mar ar tagraíodh dó roimhe seo, léirigh Tuarascáil Bhliantúil Údaráis Réigiúnaigh an Iarthair 2011 go bhfuil Contae na Gaillimhe ar an mbóthar ceart le spriocanna RPG 2016 a bhaint amach.

| Figiúirí Daonra | Contae na Gaillimhe | Tuaim (& Purláin) |
|---|---|---|
| **Daonáireamh 2002** | 143, 245 | 5,947 |
| **Daonáireamh 2006** | 159,256 | 6,885 |
| **Meastacháin RPG 2010** | 170,100 | 7,600 |
| **Daonra 2011** | 175,124 | 8,242 |
| **Sprioc RPG 2016** | 185, 860 | 8,600 |
| **Sprioc RPG 2022** | 198, 500 | 9,500 |

**Tábla 2.3: Figiúirí Daonáirimh &Spriocanna Daonra RPG**
(Foinse: Daonáireamh 2002, 2006, 2011 & Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022)

### 2.4.5 Anailís ar Fhigiúirí Moil Thuama

Is é Molbhaile Thuama an t-aon sprioc daonra sonrach eile sna RPGanna a bhaineann le limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe. Nuair a dhéantar anailís ar na figiúirí seo, cosúil leis an gceann a rinneadh ar fhigiúirí an Chontae thuas, leagann sé béim ar fhigiúirí daonra iarbhír i gcomparáid le spriocfhigiúirí daonra atá ag dul i mead ag ráta níos airde ná mar a raibh coinne leis.

Mhéadaigh daonra Thuama ó 5,947 duine in 2002 go 8,242 duine in 2011, méadú de 2,295 duine ar mheánmhéadú bliantúil de 255 duine é, per annum. Is é 1,000 duine sprioc daonra RPG do Thuaim don tréimhse 2010 go 2016, ar ionann é agus meánfhás bliantúil measta de 167 duine per annum. Mar sin d'fhéadfadh figiúirí daonra 2011 bheith tar éis 7,855 nó 7,767 a bhaint amach dá leanfadh na treochtaí seo agus bhíodar siúd araon níos lú ná figiúr iarbhír Daonáirimh 2011 de 8,242, difríocht de 387 nó 475 faoi seach. Ba iad 8,242 figiúirí daonra Daonáirimh 2011 do Thuaim i gcomparáid le meastacháin RPG 2010 de 7,600. D'ainneoin daonra a bhí níos airde ná mar a raibh coinne leis ag Tuaim, is díol suntais go bhfuil na figiúirí leithroinnte réigiúnacha do Thuaim bunaithe ar íos-spriocanna daonra, a stádas mar Mholbhaile á chur san áireamh, agus mar sin gur féidir freastal ar an daonra breise nuair a fhanann fás foriomlán an daonra don Chontae laistigh d'uas-spriocanna an Chontae atá leagtha síos ag na RPGanna.

### 2.4.6 Leithroinnt Daonra

D'fhoráil P*lean Forbartha an Chontae 2009-2015* d'uas-sprioc daonra de 15,760 don tréimhse 2016, trína Chroí-Straitéis. Bhí an sprioc seo le baint amach trí thithíocht do 10,227 duine a chur ar fáil ar thalamh criosaithe laistigh de limistéir uirbeacha an Chontae agus trí chóireáil a chur ar fáil do 5,533 duine i lonnaíochtaí eile agus faoin tuath. Forálann na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí* d'uas-sprioc daonra contae de 198,500 go dtí an tréimhse 2022, ach os rud é go ritheann fráma ama ***Phlean Forbartha an Chontae ó 2015-2021***, ní mór coigeartuithe a dhéanamh chun foráil don bhliain bhreise. Cinneadh an mhodheolaíocht seo i gcomhairle le hÚdarás Réigiún an Iarthair atá sásta leis an gcur chuige a ghlacadh. Léiríonn an tábla a leanas an chaoi ar tháinig an tÚdarás Pleanála ar na leithroinnte daonra a bheidh san áireamh sa Tábla Croí-Straitéise reatha.

| Figiúirí Daonra | Ríomhanna Coigeartaithe Daonra |
|---|---|
| **Leithroinnt Daonra RPG 2010-2016<br>(6 bliana)** | **Meastacháin do 2010 = 170,100<br>Meastacháin do 2016 = 185,860<br>(185,860 – 170,100) = 15, 760<br><br>15,760 / 6 = 2,626.6 Duine**<br>Meánmhéadú bliantúil per annum |
| **Leithroinnt Daonra RPG 2016-2022** | **Meastacháin do 2016 = 185,860<br>Meastacháin do 2022 = 198,500<br>(198,500 – 185,860) = 12,640<br><br>12,640 / 6 = 2,106.6 Duine**<br>Meánmhéadú bliantúil per annum |
| **Plean Forbartha an Chontae<br>2015-2021 = 6 Bliana** | **Blianta 2015-2016** = 2,626.6 duine<br>**2016-2017** = 2,106.6 duine<br>**2017-2018** = 2,106.6<br>**2018-2019** = 2,106.6<br>**2019-2020** = 2,106.6<br>**2020-2021** = 2,106.6<br><br>2016-2021 = 2,626.6 + 5(2,106.6)<br>**=13,159.6** |
| **Leithroinnt Daonra na Croí-Straitéise do 2015-2021** | **13,160 duine** |

**Tábla 2.4: Ríomhanna Leithroinnt Daonra na Croí-Straitéise 2015-2021**

### 2.4.7 Feidhmiú Leithroinntí Daonra na Croí-Straitéise

Leagann An Croí-Straitéis amach na figiúirí ábhartha do na spriocanna daonra agus don cheangaltas talún tithíochta gaolmhar do na limistéir uirbeacha éagsúla liostaithe i dTábla na Croí-Straitéise ag deireadh na caibidle seo. Léirítear an ceangaltas talún tithíochta trí chandam na dtailte criosaithe a éascaíonn forbairt chónaitheach. Níl criosú mionsonraithe i *bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* do na lonnaíochtaí toisc go dtugtar aghaidh go sonrach ar chriosú do na bailte agus do na sráidbhailte éagsúla sa Phlean Limistéir Áitiúil ábhartha, de réir mar is cuí, a bhíonn ann go ginearálta do na bailte go léir a bhfuil daonra de bhreis ar 1500 iontu. Caithfidh an Chroí-Straitéis a leagan amach freisin an chaoi a bhfuil sé beartaithe aici aghaidh a thabhairt ar shaincheist aon ró-chriosaithe sna Pleananna Limistéir Áitiúil atá ann. Maidir leis seo, is í an cur chuige a nglactar leis ná forbairt sheicheamhach chéimnithe agus athchriosú talún de réir mar is cuí, chun aghaidh a thabhairt ar aon ró-chriosú agus srianta comhshaoil a shainaithnítear. Cinnteoidh sé seo go bhfanann candam na dtailte criosaithe atá ar fáil le haghaidh forbartha laistigh den leithdháileadh a bhfuil cur síos air faoin gCroí-Straitéis agus go bhfuil na Pleananna Limistéir Áitiúil ag teacht le Plean Forbartha an Chontae. Cinnteoidh an cur chuige seo freisin go ndéantar na lonnaíochtaí uirbeacha a chomhdhlúthú trína gcoinneáil chomh dlúth go fisiciúil agus is féidir, rud a laghdaíonn éileamh ar thaisteal, ar a sheal, a dhéanann comhtháthú níos fearr ar úsáid talún agus roghanna iompair, rud a cheadaíonn cur chun cinn bealaí iompair níos inbhuanaithe.

### 2.4.8 An Croí-Straitéis agus an tOrdlathas Lonnaíochta

Ceanglaítear go reachtúil ar an gCroí-Straitéis foráil do Chéimiúlacht Lonnaíochta ar chuid de bhonn na Straitéise Spáis don Chontae í. Ciallaíonn an chéimiúlacht lonnaíochta go sanntar céim do bhaile bunaithe ar mheasúnú ón Údarás Pleanála ar an ról, feidhm agus ar an ionchas beartaithe d'fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach an bhaile. Déileáiltear go mion leis an Straitéis Lonnaíochta agus an Chéimiúlacht Lonnaithe i gCuid 2.6 thíos, a chuireann mionsonraí ar fáil freisin ar limistéir thuaithe an Chontae a bhfeidhmíonn na treoirlínte pleanála aireachta *Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe-Treoirlínte d'Údaráis Pleanála* (2005) ina leith.

### 2.4.9 Ceadúnais ar marthain agus Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Ag ullmhú na Croí-Straitéise, rinneadh anailís ar cheadúnais ar marthain maidir le tailte cónaitheacha laistigh de Leibhéil 1, 2, 3 agus 4. Léirigh an anailís go mbaineann tromlach na n-aonad a bhfuil ceadúnais ar marthain ag gabháil leo le criosú R1 (Céim 1) sna lonnaíochtaí a bhfuil Pleananna Limistéir Áitiúil acu. Ainneoin sin, ta méid áirithe neamhchinnteacht a bhaineann le ceadúnais ar marthain chomh maith le roinnt athraitheach le tógáil san áireamh. D'fhéadfadh roinnt de na ceadúnais dul in éag sula nglacfaí leis an bplean seo, d'fhéadfaí síneadh ama a chur le roinnt de na ceadúnais de bhun alt 42 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), d'fhéadfaí nach leanfaí ar aghaidh le hobair thógala ar na ceadúnais de bharr saincheisteanna inmharthanachta agus neamhchomhlíonta maidir le rialacháin nua tógála a cuireadh i bhfeidhm, cé go bhféadfaí, ar an láimh eile, go ndéanfaí cuid de na ceadúnais a fhorbairt. Níltear ag súil go bhforbrófar formhór na gceadúnas ar marthain ná go mbeidh na ceadúnais faoi réir iarratais phleanála athbhreithnithe. Beidh eolas níos cruinne ar an seasamh maidir le forbairtí den sórt sin le fáil ag an gcéad athbhreithniú eile de chuid na bPleananna Limistéir Áitiúil agus díreofar ar na ceisteanna sin ina n-iomláine le linn an athbhreithnithe sin.

Tá na figiúirí a bhaineann le ceadúnais ar marthain sonraithe i dTábla 2.5 atá i gceangal mar Aguisín B i ndeireadh na tuarascála seo. Táthar ag tabhairt aghaidh ar eastáit neamhchríochnaithe na tíre faoi láthair trí chur i bhfeidhm na dtreoirlínte náisiúnta *Treoir maidir le Bainistiú agus le Réiteach ar Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe* (DoECLG, 2011) agus trí leithdháileadh airgid ón gCiste Náisiúnta Réitigh Suímh. Maraon le ceadúnais ar marthain, níl aon chinnteacht leis an toradh a bheidh ar na haonaid neamhchríochnaithe, ag tógáil san áireamh céimeanna tógála éagsúla na n-aonad, na páirtithe leasmhara bainteacha agus cibé a dtabharfar na haonaid chun críche, cibé a ndíolfar na haonaid, an mbeidh cónaí sna haonaid nó an leagfar iad.

Tá sé beartaithe nach mbeidh aon tairbhe soláthair thar thréimhse an phlean ach ag na haonaid fholmha atá tugtha chun críche agus de réir na bhfigiúirí is deireanaí atá ar fáil, tá 295 aonad in iomlán sa tír faoi láthair. Tá sé deacair an t-éileamh reatha sa mhargadh ar aonaid dá shórt a mheas go cuí, sa chás go bhfuil an ceantar ina bhfuil na haonaid lonnaithe mar phríomhthoisc inmhianaitheachta. Díreofar ar an tsaincheist seo diaidh ar ndiaidh de réir mar a thagann eolas chun cinn agus tabharfaidh an chéad athbhreithniú eile a dhéanfar ar na Pleananna Limistéir Áitiúil deis chun an t-eolas ar fad atá ar fáil a thabhairt le chéile ag an am sin. Ba chóir aird a thabhairt go dtagann Eastáit Neamhchríochnaithe faoi theideal ceadúnas ar marthain agus mar atá dearbhaithe thuas tá a bhformhór sin le fáil i gCéim 1 de na tailte criosacha atá roghnaithe chun críocha cónaitheacha. Tugtar eolas maidir le heastáit neamhchríochnaithe i dTábla 2.5.

| Baile | Aonaid ar marthain R1 (nó a chomhionann) | Aonaid ar marthain R2 (nó a chomhionann) |
|---|---|---|
| **Tuaim** | **86** | **64** |
| **Béal Átha na Sluaighe** | **39** (Céim1) & **0** (Céim2) | **271** (Céim 1) & **26** (Céim2) |
| **Baile Locha Riach** | **29** | **76** |
| **Órán Mór/An Garrán** | **211** | **68** |
| **Baile Átha an Rí** | **293** | **100** |
| **An Gort** | **24** | **282** |
| **An Clochán** | **0** | **1** |
| **Bearna** | **32** | **11** (R2+OV+IV Criosuithe) |
| **Port Omna** | **178** | **0** (42 Aonad ar Chriosú Uile-Úsáide) |
| **Maigh Cuilinn** | **157** | **47** |
| **Baile Chláir** | **6** | **0** |
| **Na hArdáin** | **-** | **-** |
| **Uachtar Ard** | **5** | **0** |
| **Áth Cinn** | **185** | **16** |
| **An Cheathrú Rua** | **0** | **1** |
| **Creachmhaoil** | **59** | **0** |
| **An Spidéal** | **0** | **2** |
| **IOMLÁN:** | **1,307** | **965** |

**Tábla 2.5: Líon Tábla 2.5: Aonad a bhaineann le Ceadúnais ar Marthain i Lonnaíochtaí Plean Limistéir Áitiúil**

### 2.4.10 Rátaí Folúntais & Toradh Cónaitheach ar Chriosuithe Idirmheasctha

**Rátaí Folúntais**

Léiríonn an Daonáireamh is deireanaí go seasann an meánráta folúntais cónaitheach do Chontae na Gaillimhe ag 19.4%, arb ionann leis an bhfigiúr de 15,066 aonad ina bhfuil 3,274 díobh rangaithe mar thithe saoire folmha. Ag féachaint don líon ard aonad folamh sin, tá na folúntais curtha san áireamh sa Chroí-Straitéis sna figiúirí chomh maith agus is féidir. Áirítear agus cuirtear i bhfeidhm an ráta folúntais de 19.4% sna figiúirí a chuirtear i láthair chun teacht ar na figiúirí a léirítear i gColún 7 sa Tábla dar teideal *Aonaid Tithíochta ar Thailte Criosacha Cónaitheacha de Chriosú 100%,* agus d'imir tionchar dá bhrí sin ar na figiúirí eile atá léirithe sa tábla.

Aithnítear go gcuireann aonaid fholmha leis an soláthar agus ar an gcúis sin rinneadh líon na n-aonad a mheas leis na ceangaltais éilimh a dhéanfar amach anseo. Tá an Straitéis Tithíochta ar an eolas maidir leis an ráta folúntais agus leis na figiúirí a léirítear sa ráta sin. Léiríonn an cur chuige an fháil ar an tacar sonraí is fearr atá ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), a chuireann cosc faoi láthair ar anailís níos sonraíche maidir le tithe saoire/athbhailte. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach dtógann an ráta folúntais san áireamh an gnáthráta folúntais aimhréireach a mbeadh ráta níos ísle mar thoradh air, ná an ráta a cuireadh i bhfeidhm sna figiúirí a cuireadh i dtoll a chéile sa Tábla Croí-Straitéise.

**Toradh Cónaitheach ar Chriosuithe Idirmheasctha**

Rinneadh anailís ar stair na pleanála i gcriosuithe idirmheasctha agus/nó ar chriosuithe lár baile do na Lonnaíochtaí móra. Ní léiríonn an patrún forbartha a chonacthas i mbailte na Gaillimhe thar thréimhse fhada go soláthraíonn an saincheantar lár baile idirmheasctha forbairtí cónaitheacha atá ar aon mhéid suntasach. Ceadaíodh roinnt forbairtí lár baile le linn tréimhse an fháis eacnamaíoch inar áiríodh úsáidí tráchtála agus cónaitheacha agus cé go ndearnadh roinnt de na tograí beaga a fhorbairt, níor cuireadh tús le formhór na bhforbairtí móra a bhí beartaithe. Ag tógáil san áireamh cúrsaí eacnamaíocha reatha agus na cineálacha forbairtí atá i gceist, níltear ag súil go rachaidh na forbairtí seo chun cinn.

### 2.4.11 Méid an Teaghlaigh agus Sonruithe Dlúis

Tá na figiúirí 2.4 do bhaile Thuama agus 2.6 don chuid eile don Chontae ar na figiúirí a úsáidtear sa Chroí-Straitéis chun méid an teaghlaigh a mheas. Sin iad na huimhreacha céanna a úsáidtear i gCroí-Straitéis *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2009 – 2015*, mar a bhí curtha ar fáil ar dtús sna *Treoirlínte maidir le Pleanáil Réigiúnach do Réigiún an Iarthair.* Úsáidtear sonruithe dlúis go hiondúil chun déine forbraíochta a bhainistiú agus chun a chinntiú nach gceadaítear do dhlúsanna nach bhfuil leordhóthanach agus a chuirfeadh as do sheirbhísí atá ann cheana féin, a laghdódh an rogha maidir le roghanna tithíochta agus a bhainfeadh an bonn d'inmharthanacht roghanna iompair inbhuanaithe. Spreagann dlúsanna arda i gceantair chuí infheistíocht ar infreastruchtúr atá ann cheana, soláthraíonn tacaíocht d'fhostaíocht an cheantair, cuidíonn le pobail inbhuanaithe agus chuimsitheach a chruthú agus déanann carachtar tuaithe na háite mórthimpeall agus úsáid talmhaíochta na talún a chur chun cinn. I ndáil le dlús agus an Croí-Straitéis, cuireann an Tábla Croí-Straitéise bonn tuisceana dlúis tásacha ar fáil chun críocha riachtanas maidir le forbairt talún a mheas do lonnaíochtaí faoi leith atá liostaithe sa tábla. Ina theannta sin, léiríonn na Pleananna Ceantair Áitiúla, a ullmhaíodh do roinnt lonnaíochtaí sa Chontae agus léiríonn Caibidil 3 agus DM Caighdeán 2 den bPlean seo, na dlúsanna go sonrach a bhreithnítear a bheth cuí sna lonnaíochtaí éagsúla laistigh de na leibhéil ordlathais lonnaíochta.

### 2.4.12 An Croí-Straitéis agus Straitéis Iompair

Leagann Caibidil 5 de Phlean Forbartha an Chontae síos an Straitéis Iompair a thacaíonn leis an Straitéis Spáis, An Croí-Straitéis agus an Chéimiúlacht Lonnaíochta don Chontae. Forálann sé creat iompair straitéiseach a spreagann idirnaisc idir an Mol, na príomhbhailte agus lonnaíochtaí eile. Díríonn an Straitéis Lonnaíochta ar ionaid daonra a fhorbairt feadh líonra iompair an Chontae atá ann faoi láthair, chun an mhais chriticiúil a sholáthar chun tacú le cothabháil agus le forbairt an líonra, agus i gcás iarnród Chonair Iarnróid an Iarthair, an mhais chriticiúil a sholáthar agus a athoscailt iomlán sa todhchaí a éileamh rud a rachaidh chun leasa an Chontae agus an Réigiúin ina iomláine. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi ag tacú le síneadh agus le feabhsúcháin ar infrastruchtúr atá ann laistigh den Chontae, mar líonraí bóthair, rothair, calafoirt agus cuain agus tacaíonn, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, le feabhsúcháin ar sheirbhísí iarnróid, aeir agus bus, lena n-áirítear an Clár

Iompair Tuaithe. Cuirtear mionsonraí den líonra náisiúnta agus réigiúnach ar fáil agus na bealaí iarnróid chomaitéara agus idir-uirbeacha sa Chontae ar fáil i gCaibidil 5 ar Mhapa TI 1-Lionra Iompair Straitéiseach.

### 2.4.13 Uisce agus Acmhainn Fuíolluisce

Ag ullmhú na Croí-Straitéise, tugadh aird ar sholáthar uisce, ar infreastruchtúr fuíolluisce agus ar an bhfáil atá ar acmhainneacht sna líonraí soláthair poiblí. Tá an fhreagracht maidir le soláthar na seirbhísí seo anois faoi chúram Uisce Éireann, le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair is cuí. Cé gurb é an príomhchuspóir caighdeán uisce an Chontae a fheabhsú, a chaomhnú agus chun cur i bhfeidhm an Chreat-treoir Uisce agus Plean Bainistíocht Abhantraí an Iarthair a chinntiú, aithnítear go bhféadfadh an fháil ar infreastruchtúr a bheith teoranta i gcuid de na príomhbhailte agus de na lonnaíochtaí a ainmnítear sa Tábla Croí-Straitéise. Ainneoin sin, i leithdháileadh daonra chuig na bailte agus sráidbhailte sa Chontae, rinneadh cinntí straitéiseacha a bhí bunaithe ar ról agus ar fheidhm bheartaithe na lonnaíochta faoi leith leis an eolas go bhfuil infheistíocht infreastruchtúir riachtanach.

Tá se beartaithe go gcuideodh cuimsiú sa Chroí-Straitéis le cur chuige pleanbhunaithe a sholáthar chun an infheistíocht riachtanach a dhaingniú amach anseo. Dearbhaíonn na cuspóirí atá leagtha síos san alt seo den bplean go soiléir, nach féidir le forbairt dul ar aghaidh mura bhfuil an t-infreastruchtúr fuíolluisce agus uisce riachtanach ag feidhmiú chun seirbhís a sholáthar.

### 2.4.14 An Croí-Straitéis agus Forbairt Miondíola


Ceanglaítear go reachtúil ar an gCroí-Straitéis freisin eolas a bheith ann a léiríonn, agus cuspóirí d'fhorbairt mhiondíola á leagan amach, gur chuir an tÚdarás Pleanála na Treoirlínte Pleanála Miondíola san áireamh agus go bhfuil na meastacháin d'fhorbairt mhiondíola a theastaíonn sa todhchaí bunaithe ar na spriocanna daonra sonracha agus iad curtha san áireamh iontu. Agus aghaidh á thabhairt ar an gceanglas seo tá sé i gceist ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Straitéis Mhiondíola a ullmhú i gcomhar/gcomhairle le Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar a leagtar síos i gCaibidil 4, Cuspóir R3 den phlean seo. Cuirfidh an Straitéis Mhiondíola seo na ceanglais thuas san áireamh. Leagann Caibidil 4 den phlean amach an chéimiúlacht mhiondíola don Chontae agus cuireann roinnt cuspóirí eile ar fáil maidir le bainistíocht miondíola, atá leagtha laistigh de chreat na *dTreoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála 2012.* Ailíníonn an chéimiúlacht mhiondíola le hainmniú lonnaíochtaí i dtábla na Croí-Straitéise agus an Chéimiúlacht Lonnaíochta ghaolmhar, agus an Molbhaile, baile an chontae agus na príomhbhailte mar phríomhfhócas d'fhorbairtí miondíola nua. Spreagfar freisin, áfach, forbairtí nua miondíola ar scála iomchuí ar láithreacha lárnacha eile laistigh de 'Bhailte eile' agus 'Lonnaíochtaí Eile'.

### 2.4.15 Forbairt Eacnamaíoch agus Úsáidí Talún Eile

Chuir úsáidí talún mar úsáidí fostaíochta/tionscail agus roghanna iompair an Croí-Straitéis agus an Straitéis Lonnaíochta ar an eolas i dtéarmaí chun cuidiú leis an ról agus leis an acmhainn atá ag lonnaíochtaí ar leith a aithint le haghaidh forbairt agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceantair ar cheart na leithdháilte daonra faoin gCroí-Straitéis a lonnú. Aithníonn an Croí-Straitéis agus an Straitéis Spáis, i dtaca leis na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do Réigiún an Iarthair, na ceantair tosaíochta i ndáil le forbairt eacnamaíoch don Chontae, ar nós na bhforálacha do Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach chuig limistéar oirthear an Chontae, an ról atá ag ceantair uirbeacha i gcothabháil cúrsaí eacnamaíocha, an tábhacht atá le hinfheistíocht eachtarch dhíreach a mhealladh, le tionscal dúchasach a chur chun cinn, le hearnáil an bhia agus na ceardaíochta, le turasóireacht, le fuinneamh in-athnuaite agus leis an ngeilleagar cliste atá sonraithe ina n-iomláine i gCaibidil 4 den bPlean agus ar Léarscáil ED 1.

Ina theannta sin, tugann Caibidil 6 sonraí ar bheartais agus ar chuspóirí i ndáil le seirbhísí agus le hinfreastruchtúr atá ríthábhachtach i soláthar tacaíochta d'fhorbairt tionsclaíoch agus tráchtála i dtailte criosacha agus i dtailte neamhchriosacha araon sna príomhbhailte agus i lonnaíochtaí beaga. Rinne an treoir náisiúnta ar fhorbairt iompair agus ar fhorbairt chónaitheach, mar an beartas ar *Thaisteal níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe (2009-2020),* na *Treoirlínte maidir le Bóithre Náisiúnta agus Pleanáil Spáis i gCeantair Uirbeacha* (2012) agus na Treoirlínte d*Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha* (2009) an Croí-Straitéis a chur ar an eolas chomh maith,ag moladh an riachtanas chun forbairt uirbeach fuinte a chur chun cinn, spleáchas an phobail ar charranna a laghdú agus soghluaiseacht inbhuanaithe a chur chun cinn. Déantar é seo a bhaint amach trí thithíocht a chomhtháthú go dlúth le húsáidí talún suntasacha mar chriosuithe fostaíochta agus tráchtála, saoráidí pobail agus conláiste agus chun réimsí dóthanacha talún a aithnítear chun críocha fostaíochta ag

suíomhanna feiliúnacha a chinntiú, ag tógáil san áireamh na beartais náisiúnta pleanála mar atá luaite thuas agus an fháil atá ar infreastruchtúr fisiciúil riachtanach, seirbhísí uisce agus rochtana go háirithe.



Áirítear sonraí ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann arna atáirgeadh faoi uimhir Cheadúnais OSi 2010/15/CCMA/Comhairle Chontae na Gaillimhe
Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaraithe Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Cóipcheart Rialtas na hÉireann
N
Teorainn Contae
GTPS
Ceantar Cathrach na Gaillimhe
Geatabhealach na Gaillimhe
Dún Mór
Gleann na Madadh
Tuaim
Béal Átha Ghártha
Maigh Locha
An Creagán
An Clochán
Áth Cinn
Cora Finne
Uachtar Ard
Móta
Maigh Cuilinn
Baile Chláir
Áth Tíomáin
Béal Átha na Sluaighe
Baile Átha an Rí
An Cheathrú Rua
Bearna
Órán Mór/An Garrán
An Spidéal
Droichead an Chláirín
Creachmaoil
Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga Léirithe
Cill Cholgáin
Baile Locha Riacha
Ard Raithin
Cinn Mhara
Port Omna
An Gort
Molbhaile Thuama
Molbhaile Bhéal Átha na Sluaighe
Príomhbhailte/Bailte Eile (>1500)
Bailte & Sráidbhailte Eile (<1500)
Príomhbhóithre Náisiúnta
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád
Bóithre Réigiúnacha
Mótarbhealach (M6)
Stáisiún Traenach
Líne Iarnróid
Líne Iarnróid atá Beartaithe
Conair Straitéiseach Eacnamaíoch
Nód Straitéiseach na nArdán/An Garrán
Conairí Forbartha Straitéiseacha
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
Phlean Forbartha Contae 2015-2021
Teideal
Léarscáil Croí-Straitéise - CSM
Dáta
Feabhra 2015
Línithe
LSL
Scála
NDS

## 2.5 Cuspóirí na Croí-Straitéise

| Cuspóirí Croí-Straitéise |
| --- |
| **Cuspóir CS 1 – Foráil Chéimiúlachta Lonnaíochta**<br>Forálfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe líonra ordlathais láidir lonnaíochtaí, sainmhínithe go soiléir, a cheadaíonn fás cothrom agus inbhuanaithe geilleagair an Chontae. |
| **Cuspóir CS 2 – Forbairt atá ag Teacht leis an gCroí-Straitéis**<br>Cinnteoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil forbairtí a cheadaítear sa Chontae ag teacht le leithroinntí daonra an Chontae mar atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí. |
| **Cuspóir CS 3 – Forbairt Gheilleagrach agus Fostaíochta**<br>Spreagfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt chineálacha lonnaíochta d'úsáid mheasctha, ag tacú le Forbairt Gheilleagrach agus fostaíochta ag ionaid oiriúnacha, soláthar candam sásúil talún atá criosaithe chun críocha fostaíochta agus tionscail á chinntiú, agus ag cinntiú go mbíonn tithíocht, úsáidí fostaíochta agus saoráidí pobail lonnaithe gar dá chéile agus do chonairí iompair phoiblí nuair is féidir. |
| **Cuspóir CS 4 – Forbairt Tailte Seirbhísithe**<br>Cinnteoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil criosú tailte d'úsáid chónaitheach de réir na Croí-Straitéise agus na Straitéise Lonnaíochta chun freastal ar riachtanais forbartha an Chontae, agus a chinntiú go bhfuil forbairt tailte criosaithe faoi réir acmhainneacht leordhóthanach a bheith ar fáil sna saoráidí uisce agus fuíolluisce ábhartha, roimh nó mar aon leis an bhforbairt, chun leasa cosanta acmhainní uisce sa cheantar. |
| **Cuspóir CS 5 – Céimniú Tailte Forbartha**<br>Beidh criosú tailte criosaithe cónaitheacha laistigh de limistéir uirbeacha bunaithe ar chur chuige seicheamhacha céimnithe mar a leagtar amach sna Pleananna Limistéir Áitiúil agus béim láidir ar phatrúin láithreacha forbartha a chomhdhlúthú, deiseanna inlíonta a spreagadh agus roghanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn. |
| **Cuspóir CS 6 – Pleananna Limistéir Áitiúil**<br>Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi Phleananna Limistéir Áitiúil a ullmhú do gach lonnaíocht a bhfuil daonra de bhreis ar 1,500 duine ann ar bhonn aonair nó i dtoghlimistéar Phlean Limistéir Áitiúil. Tabharfar aird ar na *Teoirlínte Pleananna Limistéir Áitiúil d'Údaráis Áitiúla* (2013) agus ar an *Lámhleabhar Pleananna Limistéir Áitiúil* (2013) a ghabhann leo. |
| **Cuspóir CS 7 – An Croí-Straitéis agus Limistéir Thuaithe**<br>Aithneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ról tábhachtach limistéar tuaithe sa Chontae agus tacóidh sí leis na limistéir sin agus déanfaidh sí iad a chosaint trí bhainistiú cúramach a bpríomhshócmhainní, lena n-áirítear a n-acmhainní timpeallachta agus fisiciúla, fad agus atá tacaíocht á thabhairt d'fhorbairt oiriúnach ar bhealach cothrom inbhuanaithe agus de réir na bpolasaithe agus na gcuspóirí ábhartha atá leagtha amach ar fud an phlean. |
| **Cuspóir CS 8 – An Croí-Straitéis agus Éileamh ar Fhorbairt**<br>Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a chinntiú go mbeidh fás foriomlán an daonra sa Chontae ag teacht leis an leibhéal fáis atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha agus san ordlathas lonnaíochta mar a leagtar amach sa Chroí-Straitéis. |

## 2.6 An Straitéis Lonnaíochta

Tá lonnaíochtaí láidre riachtanach do Chontae beo bríomhar mar go dtacaíonn siad le raon post, seirbhísí agus roghanna iompair inbhuanaithe, le linn dóibh raon roghanna tithíochta a chur ar fáil agus fócas do líonraí pobail laistigh de limistéar na lonnaíochta agus thairsti. Maidir leis seo, is léiriú spáis í Straitéis Lonnaíochta ar dháileadh daonra, méid lonnaíochta, agus ról agus ordlathais lonnaíochta. Cuireann Straitéis Spáis an Chontae mar aon leis an gCroí-Straitéis an Straitéis Lonnaíochta ar an eolas, creat pleanála do lonnú daonra agus forbartha thar shaolré sé bliana an Phlean Forbartha Contae seo á chur ar fáil. Tá an Straitéis Lonnaíochta ailínithe go han-dlúth leis an gCroí-Straitéis agus aithníonn patrúin forbartha ionchasacha do limistéir difriúla an Chontae agus cuireann bonn eolais faoi pholasaí agus cuspóirí atá riachtanach chun tosca a chruthú a mbeidh tionchar acu ar lonnú forbartha sa todhchaí. Tugann an Straitéis Lonnaíochta freisin éifeacht do na cuspóirí níos leithne a bhfuil cur síos orthu sa *Straitéis Spáis Náisiúnta* agus sna *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010-2022*.

### 2.6.1 Ordlathas Lonnaíochta

Tógann an Straitéis Lonnaíochta ar an Straitéis Spáis, aird á thabhairt ar uas-sholáthar daonra na Croí-Straitéise de 13,160 duine. Forbraíodh an Ordlathas Lonnaíochta le fás daonra sa todhchaí a leithdháileadh ar na bailte éagsúla, na sráidbhailte agus limistéar tuaithe an Chontae. Tá sí tar éis an anailís ar raon critéar a chur san áireamh lena n-áirítear cumas na lonnaíochta a cion a dhéanamh i dtreo cuspóirí na Straitéise Spáis agus na Croí-Straitéise a bhaint amach, méid na lonnaíochta atá ann cheana ó thaobh treochtaí sa daonra agus fáis teaghlaigh thar thréimhse daonáireamh roimhe seo, láithreacht agus acmhainn seirbhísí uisce agus fuíolluisce lena n-áirítear infheistíochtaí beartaithe in infrastruchtúr uisce agus fuíolluisce, feidhmeanna seirbhíse ( mar shampla líon na seirbhísí agus aonad miondíola), inrochtaineacht, talamh criosaithe, tírdhreach agus cúinsí oidhreachta.

Aithníonn an Chéimiúlacht Lonnaíochta seo go bhfuil catagóirí éagsúla lonnaíochtaí ann ar fud na Gaillimhe, baint chomhlántach acu go léir le rathúnas todhchaí an Chontae. Maidir leis seo tá sí tar éis breis agus 100 lonnaíocht a shainaithint sa Chontae ó lonnaíochta beaga crosbhóthair go sráidbhailte níos mó agus príomhbhailte mar Bhéal Átha na Sluaighe agus Tuaim. Aithníonn sí freisin go gcaithfear freastal ar an limistéar tuaithe laistigh den Chéimiúlacht Lonnaíochta mar go bhfuil baint ríthábhachtach aige le struchtúr lonnaíochta foriomlán trí phobail tuaithe inbhuanaithe a fhorbairt.

**Tá Plean Forbartha an Chontae tar éis glacadh le córas sé shraith a bhfuil cur síos air thíos.**

| Sraith | Cur Síos |
|---|---|
| 1. Ceantar Uirbeach na Gaillimhe | Is í Cathair na Gaillimhe an Tairseach aitheanta agus an tiománaí geilleagrach ríthábhachtach do Réigiún iomlán an Iarthair. Síneann na cineálacha seirbhísí a chuireann an chathair ar fáil thar teorainn na cathrach/an chontae. Áirítear ar fhostóirí suntasacha eagraíochtaí móra tionsclaíocha agus seirbhíse poiblí a fhaigheann a gcuid fostaithe ón líonra de bhailte satailíte mórthimpeall ar an gCathair. Áirítear i Ceantar Uirbeach na Gaillimhe an Tairseach agus roinnt toghrann gar don chathair atá nasctha go dofhuascailte le mórcheantar Chathair na Gaillimhe agus a fheidhmíonn mar chuid de agus áirítear ann na lonnaíochtaí satailíte rafara Órán Mór agus Bearna. Cuirfidh na pleananna níos fadtéarmaí chun ceantair na nArdán agus an Gharráin a fhorbairt le láidriú Cheantar Uirbeach na Gaillimhe freisin. |
| 2. Molbhaile | Is í Tuaim an t-aon Molbhaile mór a shainaithnítear sa *Straitéis Spáis Náisiúnta* do Chontae na Gaillimhe agus chonacthas fás seasta daonra ann thar na tréimhsí Daonáireamh deireanacha. Tá sé beartaithe go bhforbróidh Tuaim mar Mholbhaile láidir a chomhlánaíonn an Tairseach agus a fhreastalaíonn ar abhantrach mór sa Chontae agus sa Réigiún. |
| 3. Baile an Chontae | Tá Béal Átha na Sluaighe, mar bhaile an Chontae, ar cheann de na bailte is mó i nGaillimh agus tá ról tábhachtach aige, go háirithe mar ionad tionsclaíoch/tráchtála do limistéar thoir an Chontae. Tá naisc iompair thábhachtacha ag an mbaile agus soláthraíonn éascaíocht rochtana do mhórionaid réigiúnacha eile lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Baile Átha Luain. |
| 4. Príomhbhailte (Bailte Eile) (Daonra >1500) | Cuireann na bailte seo raon leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear sláinte, pobail, airgeadais, fostaíochta agus miondíola. Tá féiniúlacht stairiúil láidir ag cuid mhór acu mar bhailte margaidh agus tá infrastruchtúr dea-fhorbartha go maith ag a bhformhór. Teastaíonn fás marthanach sna lonnaíochtaí seo lena lánacmhainneacht a bhaint amach mar bhailte féinchothabhálacha iontu féin. |
| 5. Sráidbhailte Eile (Daonra <1500) | Tá daonra níos lú ná 1500 duine sna lonnaíochtaí seo agus cuireann siad raon seirbhísí níos teoranta ar fáil do chúlchríocha níos lú na mar a dhéanann na príomhbhailte. Áirítear raon seirbhísí oideachais agus miondíola go minic sa soláthar seirbhíse ach seirbhísí teoranta airgeadais, sláinte agus pobail. |

| | |
|---|---|
| **6. Lonnaíochtaí Eile & an Tuath** | **Cuireann na lonnaíochtaí níos lú seo bunseirbhísí ar fáil dá bpobal, mar earraí áise agus bunoideachas agus seirbhísí reiligiúnacha. Déantar idirdhealú idir iad agus tithíocht thuaithe trí na seirbhísí seo a bheith ann a chuireann cuspóir pobail tábhachtach ar fáil agus bonn d'fhorbairt todhchaí bhreise.**<br><br>**Tagraíonn an tuath do na codanna sin de Chontae na Gaillimhe atá lasmuigh de lonnaíochtaí aitheanta.** |

Ceadaíonn na sraitheanna aTá leagtha amach sa chéimiúlacht go nochtar don tsúil an caidreamh idir na cineálacha difriúla bailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí laistigh den Chontae. Leagann suíomh lonnaíochta laistigh den chéimiúlacht léiriú amach ar scála ionchasach an fháis daonra atá ceadaithe laistigh de shaolré an phlean agus ailíníonn mar sin go dlúth le leithroinntí daonra na Croí-Straitéise. Tá bunaidhmeanna na Straitéise Lonnaíochta nasctha leis na polasaithe agus na cuspóirí ábhartha in áit eile sa bPlean agus a dtacaíocht acu, le cinntiú go seachadann lonnaíochtaí ar a rólanna mar ionaid fostaíochta agus seirbhíse don daonra atá ann cheana agus don spriocdhaonra. Níl aon chriosuithe úsáide talún ag *Plean Forbartha Contae na Gaillimhe* seachas iad sin atá leagtha amach chun críocha na *Straitéise Fuinnimh Ghaoithe Contae na Gaillimhe*, mar sin beidh Plean Limistéir Áitiúil ag na lonnaíochtaí le daonra sa bhreis ar 1,500 duine, mar a cheanglaítear go reachtúil. Tabharfaidh na forálacha criosaithe san Pleananna Limistéir Áitiúil éagsúla éifeacht d'fhorbairt agus d'fhás bailte agus sráidbhailte sa todhchaí.

| Plean Limistéir Áitiúil | Tráthchlár | Stádas |
|---|---|---|
| Tuaim | 2011-2017 | Beo |
| Béal Átha na Sluaighe (Plean Forbartha) | 2009-2015 | Plean Limistéir Áitiúil nua á ullmhú |
| Baile Locha Riach | 2012-2018 | Beo |
| Órán Mór | 2012-2018 | Beo |
| Baile Átha an Rí | 2012-2018 | Beo |
| An Clochán | 2009-2015 | Síneadh go dtí 2020 |
| Bearna | 2007-2013 | Síneadh go dtí 2017 |
| Port Omna | 2005-2011 | Á ullmhú |
| Maigh Cuilinn | 2013-2019 | Beo |
| Baile Chláir | 2005-2011 | Le tosú |
| Na hArdáin | | Á bhreithniú |
| Uachtar Ard | 2006-2012 | Le tosú |
| Áth Cinn | 2005-2011 | Á ullmhú |
| An Ghaeltacht | 2008-2014 | Síneadh go dtí 2018 |
| Creachmhaoil | 2009-2015 | Beo |

**Tábla 2.6: Sceideal de Stádas na bPlean Limistéir Áitiúil do Chontae na Gaillimhe**

***Mórlimistéar Cathrach na Gaillimhe**

(Bearna/Órán Mór
An Garráin/na hArdáin)

**Molbhaile**

Tuaim

**Baile an Chontae**

Béal Átha na Sluaighe

****Príomhbhailte/Bailte Eile**

Baile Locha Riach, **Órán Mór, Baile Átha an Rí, An Gort, An Clochán, Port Omna, Maigh Cuilinn

*****Sráidbhailte Eile**

Baile Chláir, Uachtar Ard, Áth Cinn, An Creagán, Béal Átha Ghártha, An Cheathrú Rua, Dún Mór, Gleann na Madadh, Creachmhaoil, Cinn Mhara, Cora Finne, Maigh Locha, Droichead an Chláirín, An Spidéal, Ard Raithin, Cill Cholgáin ,An TulaighBaile na hAbhann, Cor an Dola, Móta, Cill Chonaill, An Cnoc Breac, Baile Mhic an Bhaird

**Lonnaíochtaí Eile agus an Tuath**

Cnoc Mhaoil Drise, An Carn Mór, Leacach, An Turlach Mór, Mainistir Chnoc Muaidhe, Cluain Bú, Eanach Dhúin, Áth Eascrach, Áth Tíomáin, Muine Mheá, Dún an Uchta, Beanncgar, Eachraim, An Chealtrach, Cluain Fearta, Cill Tormóir, Mionlach, Lawrencetown, Fíonach, Cill Odhráin, Gallach, Droichead Bhéal an Átha Mhóir, An Goirtín, Ceapaigh an tSeagail, Baile Liam, Cill Choirín, Bearna Dhearg, Béal Chláir, Cill Bheanáin, Briarfield, An Droichead Nua, Béal Átha Mó, Baile an Mhuilinn, Cill Chonla, Cathair Loistreáin, Ceathrú na Lathaí, Sylane, An Leath Bhaile, Sonnach, An Droichead Nua, Caisle, Kiltevna, Glinsce, Béal Átha Glúinín, An Láithreach Mór, An Ghráig, Cill Íomair, Ballymana, An Eiscir, Carrabane, Cill Tulach, Doire Uí Dhonaill Beag, Baile an Doirín, Cill Chríost, Ballinakill, Maigh Ghlas, Tobair Pheadair, Cillín a Díoma, An Droim, Cill Chon Iarainn, Labane, Tíne, Cill Rícill, An Mhainistir, An Ballán, An Corr Bhaile, Coose, An Caisleán Nua, Cúil Lú, Seaneaglais, Na Forbacha, An Cnoc, Na Minna, Ros an Mhíl, Ros Cathail, Tulaigh Mhic Aodháin, Leitir Móir, Cill Chiaráin, Cill Rónáin, Cloch na Rón, Carna, An Tulaigh/Rinn Mhaoile, Glinsce, Leitir Mealláin, Béal an Daingin, Crois na Tulaí, Ros Muc, An Fhairche, An Líonán, An Cloigeann, Leitir Fraic, Casla, Corr na Móna, Baile Conaola, Sraith Salach, An Cladach Dubh, An Mám, An Teach Dóite, An Aird Mhóir, Meáraí, Cill Bheaganta, Cloghanover, Camas.

***Áirítear i Ceantar Uirbeach na Gaillimhe Cathair na Gaillimhe agus DEDanna Gaillimh (Tuath), Baile an Teampaill, Órán Mór agus Bearna (agus Limistéar PLA Bhearna freisin) agus áirítear ann limistéir na nArdán agus an Gharráin.**
****Níl Órán Mór liostaithe anseo arís mar nach gcuimsíonn an GMA ach cuid de limistéar PLA d'Órán Mór.**
*****Nóta: Níor ullmhaíodh Pleananna Limistéir Áitiúil go gach baile liostaithe sa tsraith seo, mar sin níl ach bailte le PLAnna nó PLAnna a ullmhaíodh roimhe seo liostaithe sa tsraith chomhfhreagrach den Tábla Croí-Straitéise.**

### 2.6.2 Ceantar Uirbeach na Gaillimhe (GMA)

Tá Ceantar Uirbeach na Gaillimhe (GMA) lonnaithe ag barr na hordlathais lonnaíochta agus áirítear anseo Tairseach Chathair na Gaillimhe. Aithnítear go bhfuil Tairseach na Gaillimhe lonnaithe lasmuigh de dhlínse Chomhairle Chontae na Gaillimhe; ach ag cur san áireamh go bhfuil limistéir DED an Chontae laistigh den GMA nasctha go do-fhuascailte leis an gcéanna, meastar gur suíomh oiriúnach é laistigh den Chéimiúlacht Lonnaíochta. Tá an ról atá beartaithe sa SSN de Chathair na Gaillimhe agus ról an GMA mar atá leagtha amach sna RPGanna, lena n-áirítear fás pleanbhunaithe ar cheantar na nArdán agus an Gharráin ríthábhachtach do thodhchaí an Chontae agus don réigiún níos leithne. Braitheann rathúnas todhchaí bailte agus sráidbhailte gar don Chathair agus cáilíocht saoil na ndaoine a chónaíonn laistigh den bhanda comaitéara thart ar Chathair na Gaillimhe ar a gcarachtar fáis dinimiciúil á choinneáil ag an Tairseach agus ag an GMA. Chomh maith leis sin, aithnítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) sraith bearta a theastaíonn chun an t-infreastruchtúr iompair laistigh do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird a fheabhsú agus a mbeadh feabhas ar inrochtaineacht ghinearálta ar an gceantar mar thoradh orthu chun go bhféadfadh an GMA a poitéinseal iomlán a bhaint amach chun cúrsaí eacnamaíochta a chur chun cinn sa réigiún. Ó tharla go meallann sí infheistíocht mhór isteach agus go gcuireann sí seirbhísí agus saoráidí réigiúnacha ar fáil tá sé ríthábhachtach go bhforálann an straitéis lonnaíochta réigiúnach d'fhorbairt inmharthana, dhinimiciuil ar thairseach na Gaillimhe agus ar Cheantar Uirbeach na Gaillimhe chun tacú le forbairt eacnamaíochta an cheantair.

### 2.6.3 Mol Thuama

D'ainmnigh an Straitéis Spáis Náisiúnta Tuaim mar Mhol i struchtúr spáis todhchaí na hÉireann. Is é a ról mar Mhol idirghníomhú le Tairseach Chathair na Gaillimhe agus í a chomhlánú, agus forbairt faoin dtuath in oirthuaisceart na Gaillimhe a thiomáint. Cuireann na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiún an Iarthair 2010 - 2022* taca faoin ról seo agus déanann cur síos ar an mbaile mar ionad talmhaíochta agus tionsclaíoch tábhachtach do lárChonnachta. Forálann Plean Limistéir Áitiúil Thuama 2011-2017 do riachtanais fhorbartha Thuama lena híos-spriocanna cónaitheacha mar atá leagtha síos ag na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí 2010 a bhaint amach agus freastal ar riachtanais áineasa, shóisialta, tionsclaíocha agus tráchtála an daonra seo atá ag fás. Tá acmhainneacht leordhóthanach i gcórais sholáthar uisce agus cóireála eisiltigh an bhaile, agus soláthróidh a suíomh ar Chonair Iarnróid an Iarthair, nuair a bheidh an tsaoráid seo athchóirithe, nasc iompair inbhuanaithe idir thairseacha agus moil an iarthair. Tá deiseanna ann lár an bhaile agus ceantair fiontair/gnó Thuama a leathnú agus a chomhdhlúthú chun teacht ar fhás geilleagrach inbhuanaithe agus í a spreagadh, agus cóireáil a chur ar fáil do chónaitheoirí nua. Is príomhghné de Straitéis Spáis agus Lonnaíochta Phlean Forbartha an Chontae forbairt Thuama a spreagadh agus a éascú mar bhaile in ar féidir le daoine cónaí agus oibriú i saintimpeallacht cháilíochta, agus a bheidh ina baile dinimiciúil do dhul chun cinn geilleagrach agus sóisialta thuaisceart agus oirthear na Gaillimhe agus don réigiún níos leithne.

### 2.6.4 Béal Átha na Sluaighe – Baile an Chontae

Is é Béal Átha na Sluaighe baile an Chontae, ról tábhachtach aige go háirithe do Ghaillimh thoir agus ó thaobh seirbhísí údaráis áitiúil a sheachadadh. Tá an Plean Forbartha tiomanta leanúint le seirbhísí údaráis áitiúla a sheachadadh agus iad a fheabhsú i mbaile an Chontae, Béal Átha na Sluaighe. Is príomhionad tráchtála é agus fostóir mór do chónaitheoirí an bhaile agus na cúlchríche mórthimpeall. Soláthraíonn sé seirbhísí tábhachtacha d'ord níos airde mar Ospidéal Portiuncula agus Ospidéal Naomh Bríd a fhreastalaíonn ar dhaonra réigiúnach. Tá rochtain éasca ar Bhéal Átha na Sluaighe ar an mbóthar nó ar an iarnród le naisc dhíreacha go Gaillimh agus go Baile Átha Cliath. Is baile tábhachtach é a bhfuil acmhainneacht mhór ann ar féidir fás a éascú agus ba chóir díriú air ina leith seo.

### 2.6.5 Na Príomhbhailte/Bailte Eile (Daonra >1,500)

Chun críche an Phlean Forbartha seo, tagraíonn na bailte sa tsraith seo do phríomhbhailte a bhfuil daonra níos mó ná 1,500 duine acu agus áirítear orthu Baile Locha Riach, Órán Mór, Baile Átha an Rí, An Gort, An Clochán, Port Omna agus Maigh Cuilinn a bhfuil suíomhanna tábhachtacha acu sa Chontae mar phríomhionaid seirbhíse agus tiománaithe fáis dá gceantair láithreacha agus mórthimpeall. Tá ardchéim neamhthuilleamaíochta ag na príomhbhailte, laghdaíonn siad an t-éileamh ar thaisteal agus forálann dea-cháilíocht saoil do chónaitheoirí. Tagraíonn neamhthuilleamaíocht do chás nuair is féidir

le céatadán mór don daonra atá ina gcónaí ar an mbaile nó sa cheantar máguaird maireachtáil, dul ag obair, ag siopadóireacht, dul ar scoil agus taitneamh a bhaint as áineas gan taisteal síoraí.

### 2.6.6 Sráidbhailte Eile (Daonra <1,500)

Ar na sráidbhailte sa tsraith seo den chéimiúlacht áirítear Áth Cinn, An Creagán, Baile Chláir, Béal Átha Ghártha, An Cheathrú Rua, Dún Mór, Gleann na Madadh, Creachmhaoil, Cora Fine, Maigh Locha, Cinn Mhara, Droichead an Chláirín, An Spidéal, Ard Raithin agus Cill Cholgáin. Tá struchtúir lonnaíochta láidre acu agus an acmhainneacht tacú le fás breise, rogha maireachtála malartach á thairiscint acu do na daoine sin nach mian leo cónaí i bpríomhbhailte atá níos mó agus nach bhfreastalaíonn ar riachtanais tithíochta don cheantar tuaithe. Tá gá le hinfheistíocht do shaoráidí cóireála fuíolluisce i roinnt de na bailte/sráidbhailte seo agus meastar go soláthróidh a gcuimsiú ag an leibhéal seo sa chéimiúlacht cur chuige treoraithe ag plean leis an infheistíocht a fháil sa todhchaí.

### 2.6.7 Lonnaíochtaí Beaga agus Ceantair Tuaithe/Faoin Tuath

Tá an chuid atá fanta de na spriocanna daonra dírithe i dtreo na lonnaíochtaí beaga agus na gceantar tuaithe. Tá iliomad lonnaíochtaí beaga sa Chontae a n-áirítear a bheith tuaithe go príomha ó nádúr. Cuireann siad seirbhís thábhachtach, cé go bhfuil sé teoranta, ar fáil don phobal áitiúil trína saoráidí láithreacha mar scoileanna náisiúnta nó postoifig agus tá sé tábhachtach tacú le fás agus forbairt na n-ionad beaga seo chun riachtanais phobal áitiúla a éascú. I dteannta na lonnaíochtaí beaga tá sé tábhachtach tacú le pobail tuaithe bhríomhara chun fás cothromaithe i limistéir difriúla an Chontae a lorg agus cuireann an chéimiúlacht lonnaíochta tithíocht faoin dtuath nó sa cheantar tuaithe san áireamh ina leith seo. Teastaíonn bainistíocht chúramach, áfach, ó fhorbairt sa tuath nach ndéantar a sheirbhísiú chun an gá pobail a athbheochan agus tacú leo a chothromú, fad agus a chinntítear forbairt inbhuanaithe fhoriomlán na gceantar seo. Maidir leis seo, agus de réir an doiciméid treoraigh náisiúnta Treoirlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe d'Údaráis Phleanála (2005) breithneofar go dearfach forbairt tithíochta tuaithe aonair do riachtanais tithíochta ginte faoin tuath do dhaoine a bhfuil naisc intreacha acu leis an gceantar tuaithe ina bhfuil siad ag iarraidh cur fúthu, ach déanfar iarratais phleanála d'fhorbairtí dá leithéid a mheasúnú freisin, áfach, de réir na bpolasaithe agus an chuspóra ábhartha atá leagtha amach sa bPlean.

Roinneadh limistéar tuaithe an Chontae ina dhá chatagóir difriúla, a dtagann go leathan leis na catagóirí de limistéir thuaithe mar atá leagtha amach sa *Straitéis Spáis Náisiúnta* agus sna *Treoirlínte do Thithíocht Thuaithe Inbhuanaithe*.


Is iad seo na catagóirí limistéir thuaithe:
**1. Limistéir Thuaithe faoi Thionchar Láidir Uirbeach.**
Léiríonn na limistéir seo saintréithe mar ghaireacht do na purláin láithreacha nó abhantrach dlúth comaitéara Chathair na Gaillimhe, daonra atá ag ardú, fianaise faoi bhrú pleanála mór go maith d'fhorbairt tithíochta de bharr gaireachta do limistéir uirbeacha dá leithéid nó do mhórchonairí iompair le rochtain éasca ar an limistéar uirbeach, agus brúnna ar infrastruchtúr mar an líonra bóthair áitiúil.

**2. Limistéir Thuaithe le Struchtúr Níos Laige**
Léiríonn na limistéir seo saintréithe mar mheath daonra atá suntasach agus seasmhach mar aon le struchtúr geilleagrach níos laige bunaithe ar innéacsanna ioncaim, fostaíochta agus fáis gheilleagrach.

I dteannta an dá limistéar tuaithe leathana atá liostaithe thuas tá roinnt cúinsí pleanála sonracha breise ar ghá a chur san áireamh agus tithíocht thuaithe faoin dtuath á meas. Áirítear orthu seo tithíocht thuaithe laistigh de:

- Limistéir Íogaireachta Tírdhreacha 3, 4 agus 5
- Limistéir áit a dteastaíonn rochtain ar bhealaí réigiúnacha agus ar bhealaí náisiúnta teoranta
- Limistéir Ghaeltachta

Tá na hidirdhealuithe thuas idir na limistéir thuaithe riachtanach chun a bheith ábalta riachtanais tithíochta daoine a bhfuil fréamhacha nó naisc acu i limistéir thuaithe a éascú mar is cuí, agus freisin a bheith ábalta freagairt do chúinsí áitiúla cibé an mbaineann siad seo le limistéir a bhraitheann meath daonra agus geilleagrach nó do limistéir faoi mhórbhrú forbartha.


Áirítear sonraí ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann arna atáirgeadh faoi uimhir Cheadúnais OSi 2010/15/CCMA/Comhairle Chontae na Gaillimhe
Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaraithe Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Cóipcheart Rialtas na hÉireann
N
An Clochán
Uachtar Ard
Maigh Cuilinn
An Cheathrú Rua
An Spidéal
Bearna
Áth Cinn
Tuaim
Cora Finne
Dún Mór
Gleann na Madadh
Béal Átha Ghártha
Maigh Locha
An Creagán
Baile Chláir
Baile Átha an Rí
Órán Mór/An Garrán
Droichead an Chláirín
Creachmaoil
Cill Cholgáin
Ard Raithin
Cinn Mhara
An Gort
Baile Locha Riacha
Béal Átha na Sluaighe
Port Omna
SS2
Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga Léirithe
Teorainn Contae
Geatabhealach na Gaillimhe
Molbhaile Thuama
Baile Contae Bhéal Átha na Sluaighe
Príomhbhailte/Bailte Eile (>1500)
Bailte & Sráidbhailte Eile (<1500)
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
Phlean Forbartha Contae 2015-2021
Teideal
Léarscáil Ordlathais Lonnaíochta - SS2
Dáta
Feabhra 2015
Línithe
LSL
Scála
NDS

## 2.7 Cuspóirí na Straitéise Lonnaíochta

| Cuspóirí na Straitéise Lonnaíochta |
|---|
| **Cuspóir SS 1 – Ceantar Uirbeach na Gaillimhe**<br>Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le ról tábhachtach Chathair na Gaillimhe agus Ceantar Uirbeach na Gaillimhe (a chuimsíonn limistéar na Cathrach agus Toghrann Órán Mór, Bearna, Gaillimh (Tuath) agus Baile an Teampaill atá nasctha go do-fhuascailte le mórcheantair Chathair na Gaillimhe agus a fheidhmíonn mar chuid de) mar phríomhthiománaithe fás sóisialta agus geilleagrach sa Chontae agus i Réigiún an Iarthair níos leithne agus tacóidh le fás inbhuanaithe na lonnaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear forbairt todhchaí na nArdán agus an Gharráin laistigh de Limistéar Cathrach na Gaillimhe. |
| **Cuspóir SS 2 – Na hArdáin**<br>Tacú le forbairt na nArdán i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus í a éascú. |
| **Cuspóir SS 3 – Molbhaile: Tuaim**<br>Spreagfaidh agus daingneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt Thuama le cur ar a chumas a lánacmhainneacht a chomhlíonadh mar mholbhaile, sa chaoi go bhfaigheann sé an mhais chriticiúil riachtanach chun leibhéil láidre rathúnais agus fás geilleagrach a choinneáil, agus ag tacú le feabhsúcháin nascachta idir an Tairseach agus an Mol, ag cur lena stádas comhlántach. |
| **Cuspóir SS 4 – Baile an Chontae: Béal Átha na Sluaighe**<br>Baile an Chontae Béal Átha na Sluaighe a aithint mar thiománaí tábhachtach fáis sa Chontae agus tacú lena fhorbairt inbhuanaithe ag teacht leis an gCroí-Straitéis chun a chroí tráchtála a chothabháil, an daonra a choinneáil agus freastal ar dhaonra breise agus fás tráchtála. |
| **Cuspóir SS 5 – Forbairt Phríomhbhailte**<br>Tacú le forbairt phríomhbhailte an Chontae mar a bhfuil cur síos air sa Chroí-Straitéis agus sa Straitéis Lonnaíochta chun ionaid uirbeacha bhríomhara, láidre a chothabháil a fheidhmíonn mar thiománaithe tábhachtacha do gheilleagair áitiúla, a laghdaíonn éileamh taistil agus a thacaíonn le cúlchríoch mhór thuaithe, agus ról comhlántach á sholáthar do mholbhaile Thuama agus do bhailte níos lú agus do shráidbhailte sa Chontae. |
| **Cuspóir SS 6 – Forbairt Sráidbhailte Eile**<br>Éagsúlacht gheilleagrach bailte níos lú, sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga ar fud an Chontae a chosaint agus a láidriú, á gcumasú chun feidhmeanna tábhachtacha miondíola, seirbhíse, áineasa, cónaitheacha agus pobail a chur i gcríoch don daonra áitiúil agus do na cúlchríocha tuaithe. |
| **Cuspóir SS 7 – Forbairt Lonnaíochtaí Beaga**<br>I gcás lonnaíochtaí beaga nach bhfuil aon phleananna sonracha ar fáil ina leith, déanfar forbairt a bhreithniú ar bhonn a nascachta, a gcumais (lena n-áirítear cumais shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach, cumas infreastruchtúir agus comhshaoil) agus comhlíonadh na Croí-Straitéise agus na Straitéise Lonnaíochta, dea-dhearadh, gnóthachan pobail agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe. |
| **Cuspóir SS 8 – Forbairt Pobal Tuaithe**<br>Aithneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ról tábhachtach pobal tuaithe d'fhorbairt inbhuanaithe Chontae na Gaillimhe agus cinnteoidh sí bainistíocht chúramach forbartha sna limistéir seo, ag féachaint do na polasaithe agus na cuspóirí ábhartha atá leagtha síos in áit eile sa bplean. |

*Tábla Croí-Straitéise Feabhra 2015

| **1.** | **2.Leithroinnt Daonra na Croí-Straitéise 2015-2021** | **3.Ceangaltas talún tithíochta (Ha)** | **4.Ceantaltas talún tithíochta (Ha) (Lena n-áirítear ró-chriosú)** | **5.Talamh Criosaithe Cónaithe Neamhfhorbartha atá ann cheana** | **6. Criosú atá beartaithe** | **7.Toradh Aonaid Tithíochta ar Thalamh Cónaithe 100% Criosú & Sonraíochtaí Dlúis Táscacha** | | **8.****Toradh Aonaid Tithíochta ar Thailte Eile** | **9.Easnamh / Barrachas ag Úsáid 50% Róchriosú** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Contae (Lena n-áirítear Tuaim)** | **13,160** | (Talamh Criosaithe gan Lonnaíochtaí Eile & Tuath san áireamh) **196.45** | (Talamh Criosaithe gan Lonnaíochtaí Eile & Tuath san áireamh) **294.67** | **570.60** | **0** | **3,189** | | **0** | **275.93** |
| **Tairseach** | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A | N/A |
| **Molbhaile** | | | | | | | | | |
| **Tuaim** | **2,080** | **34.93** | **52.39** | **52** | **0** | **699** | **20** | **0** | **-0.39** |
| **Baile an Chontae** | | | | | | | | | |
| **Béal Átha na Sluaighe** | **1,540** | **23.87** | **35.81** | **35.81** | **0** | **477** | **20** | | **0** |
| **Bailte Eile (>1500)** | | | | | | | | | |
| **Baile Locha Riach** | **1,133** | **21.95** | **32.93** | **32.89** | **0** | **351** | **16** | **0** | **-0.04** |
| ***Órán Mór/An Garrán** | **1,170** | **22.67** | **34.00** | **33.97** | **0** | **363** | **16** | **0** | **-0.03** |
| **Baile Átha an Rí** | **1,122** | **21.74** | **32.61** | **32.17** | **0** | **348** | **16** | **0** | **-0.44** |
| **An Gort** | **820** | **15.89** | **23.83** | **23.65** | **0** | **254** | **16** | **0** | **-0.18** |
| **An Clochán** | **250** | **8.61** | **12.92** | **12.19** | **0** | **78** | **9** | **0** | **-0.73** |
| ****Bearna*** | **420** | **8.14** | **12.21** | **12.10** | **0** | **130** | **16** | **0** | **-0.11** |
| **Port Omna** | **230** | **6.48** | **9.72** | **56.11** | **0** | **71** | **11** | **0** | **+46.39** |
| **Maigh Cuilinn** | **408** | **7.91** | **11.86** | **11.47** | **0** | **126** | **16** | **0** | **-0.39** |
| ***Sráidbhailte Eile (<1500) | | | | | | | | | |
| **Baile Chláir** | **245** | **4.75** | **7.12** | **45.80** | **0** | **76** | **16** | 0 | **+38.68** |
| ***Na hArdáin** | **100** | **1.94** | **2.91** | **0.00** | **0** | **31** | **16** | 0 | **-2.91** |
| **Uachtar Ard** | **131** | **3.69** | **5.54** | **88.90** | **0** | **41** | **11** | 0 | **+83.36** |
| **Áth Cinn** | **251** | **7.07** | **10.61** | **78.55** | **0** | **78** | **11** | 0 | **+67.94** |
| **An Cheathrú Rua** | **105** | **3.62** | **5.43** | **5.03** | **0** | **33** | **9** | 0 | **-0.39** |
| **Creachmhaoil** | **83** | **2.34** | **3.51** | **48.77** | **0** | **26** | **11** | 0 | **+45.26** |
| **An Spidéal** | **25** | **0.86** | **1.29** | **1.19** | **0** | **8** | **9** | 0 | **-0.10** |
| ***Fo-Iomlán:** | **10,113** | **196.45** | **294.67** | **570.60** | **0** | **3,189** | | **0** | **275.93** |
| **Lonnaíochtaí Eile & Tuath** | **3,047** | **0** | **0** | **0** | **0** | | | **0** | **0** |
| *Iomlán* | **13,160** | **196.45** **(Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)** | **294.67** **(Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)** | **570.60** **(Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)** | **0** | **3,189** **(Gan lonnaíochtaí & tuath san áireamh)** | | **0** | **275.93** |

*** Tá na Lonnaíochtaí mar chuid d'Achar Cathrach na Gaillimhe**

****D'fhéadfadh sé nach ionann go díreach na figiúirí aonair istigh i ngach ciseal agus na figiúirí fo-iomlán toisc slánúchán na n-uimhreacha.**

***Áirítear ar an Ordlathas Lonnaíochtaí sráidbhailte breise sa chiseal sin amháin. Tá sráidbhailte le LAPanna ullmhaithe nó beartaithe a ullmhú sa Tábla Croí-Straitéise.

****Féach alt 2.4.10 nua beartaithe i gCaibidil 2.

Déanfar Pleananna Ceantair Áitiúil do Phort Omna, Áth Cinn, Baile Chláir agus Uachtar Ard a bhrú chun cinn mar thosaíocht. Féach Tábla beartaithe 2.6 i gCaibidil 2 a thugann liosta LAPanna agus an stádas atá acu.

# Caibidil 5 - Bóithre & Iompar

## 5.1 Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Straitéis Iompair Inbhuanaithe

Déantar gach iarracht le comhtháthú pleanála iompair, rochtana agus imthosca úsáid talún soláthar a dhéanamh do mhodhanna inbhuanaithe iompair agus tacaítear freisin le pobail níos inbhuanaithe a chruthú agus cuireann sé forbairt réigiúnach chothrom chun cinn. Tá soláthar tráthúil infrastruchtúr iompair ardchaighdeáin laistigh de Chontae na Gaillimhe ríthábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch an Chontae agus do chur chun cinn leas shóisialta agus geilleagrach.

Ba é ceann d'aidhmeanna straitéiseacha an *Phlean Forbartha Contae 2009-2015* ná dul i dtreo coincheap forbartha níos inbhuanaithe agus níos comhtháite i ndáil le húsáid talún, iompar, seirbhísí uisce agus soláthar fuinnimh. Dhírigh Straitéis Spásúil/Lonnaíocht ar fhorbairt i Molbhaile Tuaim agus i bpríomhbhailte agus i sráidbhailte feadh na gconairí forbartha straitéisí atá ag teacht chun cinn feadh an infrastruchtúir iompair nua (bóithre agus iarnród) mar a bhí molta i *Staidéar Pleanála agus Iompair na Gaillimhe 1999, 2003 (*GTPS). Tá feidhm fós le go leor de na tionscnaimh GTPS agus bhí tionchar acu ar cháipéisí polasaí ina dhiaidh sin mar aon le treoirlínte náisiúnta ar nós an *Plean Forbartha Náisiúnta*, an *Straitéis Spáis Náisiúnta* agus na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnach do Réigiún* an Iarthair, agus bhí tionchar acu freisin ar na Straitéisí Spáis/Lonnaíochta agus ar straitéis iompair Phleananna Forbartha Chontae na Gaillimhe roimhe seo. Leanfaidh comhtháthú úsáid talún agus iompair ar aghaidh mar phríomhaidhm *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*.

Cuirfidh an Straitéis Iompair do Chontae na Gaillimhe mar atá leagtha amach laistigh den Chaibidil seo leis an infrastruchtúr rochtana tosaíochta a tugadh ar aird laistigh de na T*reoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2010-2022* ar nós Conair an Atlantaigh a thabhairt chun críche M18/M17 agus N17, seachróid thábhachtacha ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád ar nós an N59 Maigh Cuilinn agus N17 Seachród Bhaile An Chláir, feabhas/uasghrádú an R336 nua idir Gaillimh agus Scríb trí Ros an Mhíl agus an N60/61 a athrangú agus a uasghrádú mar Phríomhbhealach náisiúnta chomh maith le Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 a sholáthar.

Tacaíonn na RPGanna le hathbhreithniú ar *Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe*, le hathoscailt Chonair Iarnróid an Iarthair iomlán, feabhsúchán ar sheirbhísí bus agus rochtana lena n-áirítear na seirbhísí iompair tuaithe, infrastruchtúr iompair aeir a uasghrádú lena n-áirítear seirbhísí, líonra rothaíochta inbhuanaithe agus inúsáidte a chur chun cinn laistigh den Réigiún mar aon le calafoirt agus cuanta a fhorbairt go hinbhuanaithe.

Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú le síneadh agus le feabhsúcháin ar infrastruchtúr iompair atá ann cheana féin laistigh de Chontae na Gaillimhe ar nós líonraí bóthair, rothair, calafoirt agus cuain agus leanfaidh sí ar aghaidh ag tacú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile le feabhsuithe ar sheirbhísí iarnróid, aeir agus bus lena n-áirítear an Clár Iompair Tuaithe. Aithnítear go n-éascaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe seachadadh seirbhísí poiblí iompair agus infrastruchtúir ó tharla go bhfuil said lasmuigh de dhlínse na Comhairle. Oibreoidh Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhar le gníomhaireachtaí/soláthróirí seirbhísí eile agus oibreoidh siad i gcomhar freisin leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus le Bonneagar Iompair Éireann (TII) arb iad na húdaráis reachtúla iad a ceapadh le freagracht a bheith acu as bonneagar iompair in Éirinn a chur ar fáil, agus i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, d'fhonn réiteach iompair lánpháirtithe foriomlán a chur ar fáil do Ghaillimh.

**Réitigh Iompair**

Is beartas náisiúnta é ó 2009 go mbogfaidh Éire i dtreo iompar inbhuanaithe chun brú tráchta agus astaíochtaí iompair a laghdú, chun tacú le hiomaíochas eacnamaíochta agus chun an caighdeán saoil a fheabhsú do chách. Leagtar bearta amach i gcreat beartais a cheadaigh an Rialtas, *"Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe",* a fhágfaidh go mbeidh na mílte eile daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompar poiblí faoin mbliain 2020. Cuirtear béim sa bheartas seo ar an ngá le húsáid talún agus iompar a ailíniú ar bhealach a spreagfaidh patrúin inbhuanaithe taistil agus léirítear sin ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach trí

phleanáil spásúlachta agus beartais iompair. D'ainneoin na ndeacrachtaí eacnamaíochta le blianta beaga anuas, tá fás tagtha ar an daonra agus ar an bhfostaíocht i gCathair na Gaillimhe agus de réir mar a fhásann an geilleagar, meallfar níos mó daoine chun oibriú agus cónaí sa cheantar, mar gheall ar na deiseanna a chuireann an chathair agus an ceantar máguaird ar fáil. Tagann breis is 60,000 feithicil isteach sa chathair agus téann amach aisti gach lá i rith na seachtaine[i]. Tá brú mór ar an líonra iompair reatha agus bíonn an méid is mó tráchta ann ag buaicthréimhsí na maidine agus an tráthnóna, go háirithe ar feadh na bpríomhbhealaí isteach sa chathair ó na háiteanna sa chontae atá timpeall uirthi.

An sprioc atá ann ná a chinntiú go ndéanfar gach cineál iompair a chomhtháthú go réidh agus go dtacóidh úsáid talún inbhuanaithe leo chun na spriocanna náisiúnta a bhaint amach maidir le laghduithe ar astaíochtaí iompair faoi 2020. Is éard atá i Straitéis Iompair na Gaillimhe (2016) GTS ná straitéis a d'ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Is é is aidhm leis an GTS ná aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá agus a bheidh ag an gcathair agus ag na lonnaíochtaí laistigh de cheantar na cathrach agus na riachtanais maidir le gach modh iompair a aithint, ina measc siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus feithiclí príobháideacha. Cuimsítear i limistéar staidéar do Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ina bhfuil na lonnaíochtaí seo: Bearna, Maigh Cuilinn, Baile Chláir, Órán Mór, agus limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is é is cuspóir leis an straitéis aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna iompair sa limistéar staidéir agus iad a mhaolú. Aithnítear ann an gá atá leis sin a dhéanamh ar bhealach comhtháite, inbhuanaithe ina mbeidh infheistíocht san iompar ag teacht le patrúin lonnaíochta agus gluaiseachtaí taistil. Tacaíonn sí freisin le húsáid talún inbhuanaithe d'fhonn spriocanna náisiúnta 2020 a bhaint amach i ndáil le hiompar agus astaíochtaí. Tacófar le deiseanna chun brú tráchta agus spleáchas ar charranna a laghdú trí níos mó iompair phoiblí ar féidir brath air agus trí rothaíocht agus siúl a chur chun cinn agus a éascú, rud a chuireann laghdú ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa chun cinn é féin. Aithnítear freisin sa Straitéis nach mór do Ghaillimh ról an Gheata a chomhlíonadh, mar thiománaí fás réigiúnach ina bhfuil inrochtaineacht ríthábhachtach le go bhfeidhmeoidh an chathair agus an ceantar máguaird agus maidir le forbairt foriomlán an chontae agus an réigiúin.

Leagtar amach i dTáblaí 5.1 agus 5.2 thíos an t-infrastruchtúr iompair tosaíochta don chontae. Scrúdófar roghanna amach anseo chun an t-infrastruchtúr iompair tosaíochta a fheabhsú, faoi réir ag riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga.

- **Tábla 5.1 Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Tosaíochta 2015-2021**: ina bhfuil liosta d'infrastruchtúr iompair tosaíochta a aithníodh agus atá le feabhsú laistigh de thréimhse an Phlean Forbartha.

- **Tábla 5.2 Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Réigiúnach/Áitiúil 2015-2021**: ina bhfuil liosta d'infrastruchtúr iompair réigiúnach/áitiúil atá le feabhsú laistigh de thréimhse an Phlean Forbartha;

***Bóthar Náisiúnta:***

Tionscadal Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 (GCRR);
N17 Scéim Tuaim go Clár Clainne Mhuiris, lena n-áirítear Seachród Bhaile Tuaim;
M18/M17 An Gort – Scéim PPP Tuaim lena n-áirítear Seachród N17 Tuaim;
N18 Scéim Ghleann an Scáil;
** N59 Scéim Uachtar Ard – an Tí Dhóite;
** N59 Scéim an Chlocháin - an Tí Dhóite –
N84 Scéim Luimneach;
N63 Leacht Seoirse – Scéim Bhéal Átha Ghártha;
N67 Cill Cholgáin – Scéim Teorann Contae (leanúnach);
N83 Tuaim- An Dún Mór;
N66 Cill Chríost;

N65 Cill Mhian – Port Omna;
N84 Gaillimh chuig an Scéim Teorann Contae;
N18 ag Ceathrú na Manaoise ó thuaidh chuig an acomhal leis an M6.

**Forleagan Cosáin (Oibreacha fós ar bun):**

- N17;
- N18;
- N59;
- N63;
- N65;
- N66;
- N67;
- N83;
- N84.

***Seachróid Bhailte Criticiúla:***

- N59 Seachród Mhaigh Cuilinn;
- N17 Seachród Bhaile Chláir;
- N 59 Seachród Uachtar Ard.

***Bóithre Eile:***

- R336 Bearna – Scríb trí Ros an Mhíl;
- Bóthar Faoisimh Bhaile Átha an Rí & lena n-airítear M6 Bóthar Ceangail chuig bóthar Chaisle (cuid de críochnaithe agus cuid de leanúnach);
- Bóthar Ceangail ón R348 – Eastáit IDA agus LP3103.
- R340
- R332

***Carrchlóis Poiblí:***

- Carrchlós Bhaile Locha Riach
- Carrchlós Phort Omna
- Carrchlós Ghort;
- Carrchlós Uachtar Ard;
- Carrchlós an Chloiginn;
- Carrchlós Áth Cinn.

**Líonraí Rothair Áitiúla agus Náisiúnta**

Is tionscadal é forbairt líonra rothair náisiúnta agus áitiúil atá ríthábhachtach mar chuid d'fhorbairt tionscail turasóireachta inbhuanaithe agus tá sé tábhachtach freisin ag an leibhéal áitiúil d'fhorbairt mhodh iompair eile. Tá bealaí den sort sin aitheanta ag an GTS (Bearna, Maigh Cuilinn agus Órán Mór) i gcur chun cinn na modhanna iompair malartacha sin:

***Rotharbhealaí / Glasbhealaí***

- Glasbhealach na Gaillimhe an Chlocháin

**Rotharbhealaí:**

- Tacú leis *an mBealach Rothaíochta Náisiúnta* idir Baile Átha Cliath, Béal Átha na Sluaighe, Cathair na Gaillimhe agus an Clochán agus sin a fhorbairt ar feadh bhealach ar leataobh ón trácht den chuid is mó;
- Tacú leis an *mBealach Rothaíochta Náisiúnta* as Gaillimh go Maigh Cuilinn & Uachtar Ard agus é a fhorbairt;
- Tacú leis an *mBealach Rothaíochta Náisiúnta* as an gClochán go dtí an Líonán agus é a fhorbairt;
- Tacú leis an *mBealach Rothaíochta Náisiúnta* as an Órán Mór go dtí Droichead an Chláirín, Cill Cholgáin, Baile an Doirín, Cinn Mhara agus ar aghaidh chuig teorainn an Chontae agus é a fhorbairt;

- Tacú le na bealaí siúlóide & rothaíochta agus iad a fhorbairt de réir *Straitéis Siúlóide & Rothaíochta na Gaillimhe 2013;*
- Tacú leis na bealaí siúlóide agus rothaíochta de réir na *Straitéisí Baile Taistil Gníomhach* do Thuaim, do Bhéal Átha na Sluaighe, don Chlochán, d'Órán Mór, do Bhaile Átha an Rí agus an Gort agus iad a fhorbairt;
- Tacú leis na bealaí siúlóide agus rothaíochta i mBearna, Maigh Cuilinn agus Órán Mór mar atá sa GTS i ndlúthchomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus iad a fhorbairt;
- Tacú le straitéisí siúlóide & rothaíochta do bhailte eile I gContae na Gaillimhe ar nós: Uachtar Ard, Maigh Cuilinn, Droichead an Chláirín, Cinn Mhara, Port Omna, Áth Cinn, An Líonán, An Chloigeann, An Cheathrú Rua, Baile Conaola, An Spidéal, Bearna, An Creagán, Maigh Locha, Eachroim, Gleann na Madadh, Béal Átha Mó, Béal Átha Ghártha, An Dún Mór, Creachmhaoil, Ard Raithin, Baile Liam, Cill Chiaráin agus Carna agus iad sin a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an *Staidéar Scóipe do Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta* (2010) agus *Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta Chontae na Gaillimhe agus Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS);*
- Imscrúdú a dhéanamh ar an seans a bheadh ann bealach a aithint a nascfaidh Baile an Daighin (i gCo. Mhaigh Eo) le Baile an Mhuilinn agus Tuaim agus na ceantair máguaird agus leis an Líonra Náisiúnta Rothaíochta agus/nó le bealach rothaíochta Tuaim/Bhaile Átha an Rí;
- Soláthar do Bhealach siúlóide/rothaíochta cósta ó Bhearna go hÓrán Mór a leagan amach agus a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Iarnród:**
- Líne iarnóidh déach a dhéanamh as Gaillimh–Baile Átha an Rí–Béal Átha an Sluaighe;
- Conair Iarnróid an Iarthair (WRC).

**Modh Iompair Eile :**
- Tionscadail Infrastruchtúir Taisteal Níos Cliste a chur i bhfeidhm.

**Cuanta, Calafoirt & Slipeanna:**
- Inis Oírr, Inis Meáin, An Clochán, Cinn Mhara, Sruthán.

**Tábla 5.1: Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Tosaíochta 2015-2021**

### ** N59 Bealach Náisiúnta den Dara Grád – An Clochán go Uachtar Ard

Is é an N59 Bealach Náisiúnta den Dara Grád i gContae na Gaillimhe an príomhnasc iompair chuig Tuaisceart Chonamara. Níl an bóthar ar chaighdeán maith ó thaobh ailíniú, cosán, cumais agus sábháilteachta de agus tá mórinfheistíocht de dhíth air. Féachfar ar na roghanna ar fad de réir cheanglais na Treorach ón AE maidir le Gnáthóga.

| Bealaí | Obair le déanamh |
|---|---|
| R336, R446 | Oibrithe feabhsuithe líonra, forleagan a láidriú agus a fheabhsú |
| N59 ó Chathair na Gaillimhe go Teorainn Mhaigh Eo tríd An Líonán | Feabhsuithe Líonra |
| Bóithre Naisc Cnoc Odhráin | Bóithre naisc a chríochnú |
| N6 ag Ceathrú na Manaoise a nascadh le ceantar tionscail Órán Mór ar an N18 | Trasnú do choisithe a imscrúdú agus a sholáthar |
| Conair Bus Ardchaighdeáin Bhóthar Thuama<br><br>Cruthú lánaí breise a bhreithniú nó na lanai atá ann cheana féin a athrú do Chonairí Bus Ardchaighdeáin ar an R446, N17, N59, N84 agus nascacht le Conair Iarnróid an Iarthair | I gcomhar le Cathair na Gaillimhe críochnaigh leagan amach chonair bus ardchaighdeáin Bhóthar Thuama agus déan tailte a chaomhnú dá réir sin mar a leagtar amach sa GTS. |

| | |
|---|---|
| | |
| N65 Cill Mhian- go Port Omna | |
| Líonraí áitiúla agus réigiúnacha laistigh den Chontae | Lean le hoibreacha láidrithe agus feabhsúcháin ar na líonraí seo |

**Tábla 5.2: Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Réigiúnach/Áitiúil 2015-2021**

**Tabhair ar aird:** Níl na liostaí seo cuimsitheach. Leanfar le feabhsuithe ar an líonra bóthair ginearálta de réir mar a bheidh gá, agus chomh fada agus a mbeidh acmhainní ar fáil.

### 5.1.1 Iompar – Aidhmeanna Straitéiseacha

Oibreoidh Comhairle Contae na Gaillimhe le gníomhaireachtaí eile chun infrastruchtúr bóthair, iarnróid, aeir agus farraige-bhunaithe a chur ar fáil agus a chothabháil a chuireann rogha modhanna taistil chun cinn a chuireann le straitéis iompair comhtháite agus inbhuanaithe agus a chuireann ardchaighdeán maireachtála ar fáil do dhaonra reatha Chathair na Gaillimhe agus don daonra a bheidh ann amach anseo.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe, chomh maith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Bonneagar Iompair Éireann (TII) tiomanta d'fhís iompair inbhuanaithe do Ghaillimh a thabhairt chun críche, ina mbeidh gach gné den iompar ag oibriú le chéile chun réiteach iompair comhtháite a bhaint amach. Brúfar sin chun cinn sa chathair agus sa cheantar máguaird tríd an GTS a chur ar fáil, lena n-áirítear bearta mar iompar poiblí, líonraí bus, iarnróid, páirceáil agus taisteal, líonraí rothaíochta agus an N6 GCRR a chur ar fáil mar a leagtar amach i dTábla 5.1 Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Tosaíochta 2015-2021.

De réir fís foriomlán an Phlean Forbartha seo, na reachtaíochta agus na rialachán náisiúnta agus comhshaoil AE, tá cuspóirí iompair an Phlean Forbartha bunaithe ar na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas:

- Líonra iompair sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na ndaoine agus ar ghluaiseacht earraí agus seirbhísí chuig Contae na Gaillimhe, laistigh de agus as;
- Rochtain a chur ar fáil do chách ar shlí comhtháite le rogha níos fearr iompair, an Clár Iompair Tuaithe san áireamh;
- An úsáid a bhaintear as roghanna inbhuanaithe iompair eile a chur chun cinn agus a spreagadh agus an úsáid a bhaintear as fuinneamh taistil ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn;
- Forbairt ar thailte faoi sheirbhís i sráidbhailte agus i mbailte a chur chun cinn, go háirithe iad sin atá lonnaithe ar feadh conairí iompair phoiblí de réir na *dTreoirlínte um Fhorbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha*, ag tabhairt aird freisin ar na pátrúin lonnaíochta atá ann cheana féin;
- Feidhm iompair straitéiseach agus cumas iompair an mhótarbhealaigh agus an líonra bóthair náisiúnta agus na hacomhail ghaolmhara a chosaint chun go mbeidh gluaiseacht na tráchta idiruirbeach agus idir-réigiúnach sábháilte ann;
- Tacú le hoscailt bhealach Conair Iarnróid an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí, ó Molbhaile Thuama, ó Chlár Chlainne Mhuiris go Cúil Mhuine (4 chuid) mar rogha d'iompar traenach agus lastas paisinéirí;
- Tacú le huasghrádú infrastruchtúr iompair aeir laistigh den Chontae lena n-áirítear rochtain níos fearr agus seirbhísí aeir chun ceangail aeir le margaí baile agus iasachta a fheabhsú;
- Rochtain a chur chun cinn agus a fheabhsú (seirbhísí farantóireachta/lastais san áireamh) ar bhealach inbhuanaithe chuig agus idir líonra calafoirt, cuanta, céanna agus slipeanna laistigh den Chontae agus oileáin eischósta chun tacú le turasóireacht agus leis an ngeilleagar áitiúil.

## 5.2 Polasaithe agus Cuspóirí um Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompair Inbhuanaithe

| Polasaithe um Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompair Straitéis Inbhuanaithe |
|---|

**Polasaí TI 1 – Straitéis Iompair agus Comhlíonadh Reachtaíochta**
Is é polasaí foriomlán Chomhairle Contae na Gaillimhe ná cloí le gach reachtaíocht pleanála agus comhshaoil Éireannach agus Eorpach ábhartha agus í ag cur i bhfeidhm na Straitéise Iompair.

**Polasaí TI 2 – Córas Iompair Lánpháirtithe agus Iompair a Fhorbairt**
Is é polasaí na Comhairle ná forbairt chóras iompair ardchaighdeáin lánpháirtithe agus inbhuanaithe a chur chun cinn sa chontae ina gcuimseofar na ceantair shonracha a aithnítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- **a)** Comhordú níos daingne a chur chun cinn idir úsáid talún agus iompar inbhuanaithe;
- **b)** Leanúint le raon roghanna iompair a chur ar fáil laistigh de Ghaillimh agus i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Bonneagar Iompair Éireann (TII), agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus soláthróirí iompair eile, lena n-áirítear líonra bóthair sábháilte, raon seirbhísí bus agus iarnróid, saoráidí leordhóthanacha siúlóide agus rothaíochta agus deiseanna do thaisteal aeir agus uisce-bhunaithe.

**Polasaí TI 3 – Bearta Taistil Inbhuanaithe**
Tacú le tiomantas a Rialtais faoin *Treoir um Fhuinneamh Inathnuaite (2009/28/EC)* chun spriocanna náisiúnta comhaontaithe a bhaint amach maidir le hiompar inbhuanaithe lena mbeidh feithiclí leictreacha mar 10% den bhflít iompair Éireannach roimh 2020 mar aon le hoibleagáid bithbhreosla, a ardóidh de réir a chéile ar bhonn inbhuanaithe go dtí 2020, chun an sprioc fuinnimh inathnuaite 10% a bhaint amach in 2020.

**Polasaí TI 4 – Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompar**
A chinntiú go mbeidh pleanáil úsáid na talún lánpháirtithe le pleanáil iompair agus go laghdóidh sé an riachtanas atá ann taisteal a dhéanamh, go háirithe tríd iompar príobháideach, trí na nithe seo a leanas:

- **a)** Comhdhlúthú forbartha a chur chun cinn trí Chroí-Straitéis/Straitéis Lonnaíochta a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa phlean seo;
- **b)** Forbairt treisithe agus úsáide measctha ag moil iompair phoiblí agus nóid a aithnítear laistigh den Chontae a spreagadh;
- **c)** Tosaíocht a thabhairt do roghanna eile siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí laistigh de thograí forbartha nua, mar is cuí agus rochtain a chur ar fáil maidir leo sin.

| Cuspóirí um Lánpháirtiú Úsáid na Talún agus Iompair Inbhuanaithe |
|---|

**Cuspóir TI 1 – Iompar Inbhuanaithe**
Tacú le tionscnaimh de chuid '*Taisteal Níos Cliste'* atá i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus tionscnaimh eile in éineacht leis na beartais cosanta comhshaoil ag leibhéal an phlean agus leis na bearta maolaithe a leagtar amach sa GTS, a fheabhsóidh iompar inbhuanaithe laistigh den Chontae agus iad a éascú, lena n-áirítear iompar poiblí, feithiclí leictreacha agus hybrid, clubanna cairr, scéimeanna poiblí rothar, saoráidí *park and ride agus stride*, saoráidí coisithe agus rothaíochta níos fearr, de réir mar is cuí.

**Cuspóir TI 2 – Bearta Iompair Inbhuanaithe**
Ionas go mbainfear amach na spriocanna náisiúnta comhaontaithe a leagadh amach don rannóg iompair faoi *Treoir an AE um Fhuinneamh Inathnuaite (2009/28/EC)*, déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe na nithe seo a leanas:

**a)** Feabhsuithe ar infrastruchtúr agus seirbhísí iompair poiblí atá ann cheana féin a éascú trí mheascán roghanna modhanna iompair a lorg lena n-áirítear Conairí Bus Ardchaighdeáin nua/breise, saoráidí iarnróid comaitéara agus páirceála agus taistil;
**b)** Comhoibriú le soláthróirí seirbhísí chun éifeachtúlacht breosla maidir le hiompar mótair a fheabhsú;
**c)** An úsáid a bhaintear as feithiclí leictreacha agus rothair a spreagadh ag teacht le polasaí na Comhairle agus Náisiúnta;
**d)** Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur chun cinn/ag cur i bhfeidhm na 'Scéime Rothaíochta chun na hOibre' do gach fostaí;
**e)** Tacú le soláthar infrastruchtúr oiriúnach chun ardú san úsáid a bhaintear as feithiclí leictreacha a spreagadh lena n-áirítear pointí luchtaithe ar shráideanna a phíolótú i bpríomhlimistéir, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus pointí luchtaithe a bheith ar fáil i bhforbairtí neamhchónaithe;

**Cuspóir TI 3 - Pleananna Bainistithe Gluaiseachta**
Pleananna Bainistithe Gluaisteacha a iarraidh go gach mórfhorbairt cónaithe, tráchtála, úsáid-mheasctha, gnó/fiontair nó tionscail de réir mar a bheidh cuí.

**Cuspóir TI 4 - Forbairt Mhol Iompair**
Imscrúdú a dhéanamh ar an deis atá ann moil iompair chomhtháite a fhorbairt i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe, i mBaile Átha an Rí, sa Ghort, sa Chlochán, i mBaile Locha Riach agus ag an nGarrán laistigh de shaolré an phlean seo de réir mar a bheidh acmhainní ar fáil. Déanfar iarracht an úsáid is mó a bhaint as comhtháthú straitéiseach iompair agus úsáidí talún réasúnacha laistigh de na conairí iompair agus geilleagair atá ag teacht chun cinn. Thar saolré an phlean seo, leagfar béim ar sholáthar saoráidí bus in aice le stáisiúin iarnróid, de réir mar a bheidh cuí.

## 5.3 Infrastruchtúir Iompair – Líonraí Bóthair agus Iompair

Is féidir an Líonra Bóithre Náisiúnta a rangú mar seo a leanas:

**a)** Bealaí Straitéiseacha lena n-áirítear Príomhbhealaí Náisiúnta agus Bealaí Náisiúnta den Dara Grád;
**b)** Bóithre nach bóithre náisiúnta iad lena n-áirítear bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

### 5.3.1 Bealaí Straitéiseacha: Mótarbhealach, Bóithre Príomhbhealaí Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Cuireann mótarbhealach idir-uirbeach agus líonra débhealaigh na hÉireann naisc iompair thábhachtacha agus straitéiseacha ar fáil idir ár bpríomhchathracha, margaí, calafoirt agus aerfoirt. Is é príomhimní Bhonneagar Iompair Éireann (TII) agus é i mbun breithnithe ar iarratais toilithe maidir leis na codanna seo den líonta, ná a chinntiú go leanfaidh na bóithre atá i gceist ag baint amach a gcuspóir iompair straitéisigh agus an mórinfheistíocht a rinne an Rialtas i bhforbairt na mbóithre seo a chosaint.

Braitheann Gaillimh, mar gheall ar a shuíomh imeallach, go mór ar an líonra bóithre poiblí ó thaobh iompair. Aithníonn an NSS an M6 mar an príomhbhealach náisiúnta, mar chonair ceangail straitéiseach agus an N17/N18 mar chonair radial straitéiseach. Ainmníonn na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair* an N/M6 agus an N17/18 mar na príomhbhealaí rochtana sa réigiún agus an N59, N63, N83 agus N84 mar bhealaí idir-réigiúnacha tábhachtacha mar aon le ról idir-réigiúnach tábhachtach na mbóithre náisiúnta tánaisteacha N60, N65, N66 agus N67 laistigh de Chontae na Gaillimhe.

### 5.3.2 Bealaí nach Bealaí Náisiúnta iad

Tá thart ar 771km de bhóithre réigiúnacha agus 5,331km de bhóithre áitiúla sa Chontae. Tacaíonn bóithre réigiúnacha agus áitiúla leis an ngeilleagar trí naisc idir bóithre náisiúnta a chruthú. Ceanglaíonn Bóithre Réigiúnacha bailte agus sráidbhailte laistigh den Chontae agus réigiún agus ceanglaíonn siad iad freisin le bealaí náisiúnta. Tá siad ann le soláthar a dhéanamh do ghluaiseacht tráchta gan an iomarca tráchta gan gá a thabhairt isteach i limistéir chónaithe nó áineasa. Níor chóir go gcuireadh forbairt ar bith a dhéanfaí ar feadh na mbóithre seo isteach ar a gcumas an ról seo a chomhlíonadh nó ar a bhforbairt amach anseo. Is bóithre seirbhíse iad bóithre áitiúla go príomha a bhaineann an pobal arna bhfreastalaíonn siad leas mór astu. Bíonn siad mar chuid de líonra dáilte ach is a bpríomhchuspóir ná bóithre seirbhíse.

### 5.3.3 Saincheisteanna Iompair agus Tráchta Gheata na Gaillimhe

I bhfianaise bheartas an Rialtais agus forbairtí reachtaíochta an AE, tá saincheisteanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird scrúdaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Léirigh scrúdú ar na saincheisteanna sin roinnt bacainní a bhíonn roimh úsáideoirí iompair gach lá i nGaillimh:

- Brú tráchta ar mhórbhealaí ar fud na cathrach
- Am turais nach féidir brath air de bharr neamhchinnteacht faoi mhoill
- Athrú ar am turais i rith an lae
- Moill de bharr trácht ag buaicamanna
- Trácht atá ag dul tríd an gcathair sa mhullach ar thrácht inmheánach
- Naisc iompair neamh-leordhóthanach chun teacht ar mhargaí laistigh den chathair agus naisc iompair neamh-leordhóthanach amach aisti
- Naisc iompair neamh-leordhóthanach leis an gcuid eile den Chontae go háirithe i dtreo an iarthair
- Easpa inrochtaineachta ar Réigiún an Iarthair tríd is tríd.

Táthar ag súil go mbeidh na torthaí dearfacha seo ag an GTS maidir leis na fadhbanna tráchta i nGaillimh agus thart uirthi a réiteach:

- Spleáchas ar thaisteal i gcarranna príobháideacha a íoslaghdú;
- Líonra iompair phoiblí a chur ar fáil a bheidh iontaofa ó thaobh fad ama aistir agus minicíochta de, d'fhonn seirbhís níos mealltaí a thabhairt isteach a shásóidh éileamh an phobail;
- Cur leis an líonra iompair phoiblí trí áiseanna comhlántacha mar shampla Páirceáil agus Taisteal ar mhaithe le daoine a thagann go dtí an chathair ó na ceantair thuaithe timpeall uirthi;
- Taisteal chun na cathrach, trasna na cathrach, trasna an chontae agus taisteal straitéiseach ón oirthear go dtí an t-iarthar a éascú ar an líonra bóithre Náisiúnta agus Réigiúnach gan cur isteach ar fheidhmeanna na cathrach;
- Feabhas a chur ar inrochtaineacht modhanna taistil inbhuanaithe chuig ceantair chónaithe agus trí cheantair chónaithe d'fhonn cur le tarraingteacht modhanna seachas an carr príobháideach;
- Nascacht chuig ionaid ollmhóra fostaíochta agus saoráidí oideachais trí shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí a uasmhéadú; agus
- Éifeachtúlacht, iontaofacht agus athléimneacht ar líonra iompair na Gaillimhe, ar feadh na modhanna go léir, a bhaint amach.

### 5.3.4 Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS)

Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta (NTA), a d'ullmhaigh Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS). Tá roinnt beart san áireamh sa GTS a thabharfaidh aghaidh ar na fadhbanna iompair ar fud na cathrach, go háirithe le linn buaicthréimhsí, a shíneann chuig ceantar níos leithne an chontae de bharr an líon mór

tráchta comaitéara a bhíonn ann gach lá chun críocha oibre/oideachais, eadhon daoine a thagann isteach sa chathair ó na bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe timpeall uirthi. Tá tionchar mór ag na fadhbanna iompair seo ar an gcaighdeán saoil, ar an gcomhshaol uirbeach, ar shábháilteacht agus ar fheidhmíocht eacnamaíochta na cathrach agus an cheantair mháguaird mar thiománaí an gheilleagair i Réigiún an Iarthair. Tá tionchar ag fadhbanna iompair na cathrach agus an cheantair mháguaird ar an daonra sa chontae agus sa réigiún níos leithne chomh maith. Cuireann an GTS le staidéir a rinneadh cheana ar chúrsaí iompair i Réigiún na Gaillimhe agus leagtar amach inti forléargas ar na bearta agus gníomhartha atá leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna suntasacha agus ar an neamhéifeachtúlacht maidir le daoine agus earraí a bheith á n-iompar laistigh de limistéar an staidéir agus timpeall air. Tá cur i bhfeidhm an GTS agus na bearta arna n-aithint sa straitéis ag teacht leis an gCroístraitéis mar a aithnítear í i bPleananna Forbartha Chontae agus Chathair na Gaillimhe.

Baineadh úsáid as teicneolaíocht samhaltaithe iompair chun na bearta sa GTS a fhorbairt. Tugadh sainmhíniú inti ar na fadhbanna iompair faoi láthair, tugadh tuar ar éilimh taistil sa todhchaí, ar inrochtaineacht agus ar an deighilt de réir cóir iompair. Rinneadh measúnú freisin ar an tionchar a bheadh ag na nithe sin ar a chéile agus ar an gcaoi a bhfuil siad spleách ar a chéile. San áireamh sa straitéis tá bainistiú tráchta, a thugann tosaíocht do shiúl, rothaíocht agus gluaiseachtaí bus, leasuithe ar an líonra tráchta, bainistiú gníomhaíochtaí páirceála agus feithiclí earraí troma, feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí agus úsáid a bhaint as "soghluaisteacht níos cliste". D'ainneoin méid na mbeart bainistithe tráchta, deimhnítear sa GTS go n-éilíonn laghdú ar bhrú tráchta feabhsúcháin ar na líonraí iompair phoiblí, rothaíochta agus siúlóide agus cuarbhóthar nua a chur ar fáil. Cuireann an GTS le hobair atá déanta cheana ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tacaíonn le fís an dá phlean forbartha agus cuireann san áireamh beartais agus treoirlínte Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Leagtar amach sna codanna seo a leanas príomhghnéithe Straitéis Iompair na Gaillimhe:

**5.3.4.1 Iompar Poiblí**
Is cuid lárnach den GTS é réiteach iompair chomhtháite a fhorbairt do limistéar an staidéir. Tá sé aitheanta ag an GTS gur príomhchuid den soláthair iompair phoiblí don chathair agus don cheantar máguaird é seirbhís bus ardmhinicíochta ar ardchaighdeán. Bheadh san áireamh leis sin líonra traschathrach de sheirbhísí bus a bheadh in ann freastal ar príomhbhealaí/chinn scríbe. Cuirfidh an tseirbhís seo seirbhísí díreacha ar fáil do phaisinéirí ar mian leo taisteal chun na hoibre ar thaobh amháin nó ar thaobh eile den chathair, agus chuirfeadh feabhas ar an nascacht soir-siar ó Bhearna go dtí Órán Mór. Bheadh codanna den líonra ina bpríomhfhócas chun bearta tosaíochta a chur i bhfeidhm, mar shampla lánaí bus, agus deireadh a chur le caolais bhóthair agus moill, le go mbeadh an bus níos tarraingtí mar mhodh iompair, go háirithe do chomaitéirí isteach sa chathair ó cheantar níos leithne an chontae.

**Líonra Bus – Réigiúnach**
Is saincheisteanna ríthábhachtacha iad luas aistir agus iontaofacht maidir le seirbhísí bus agus cóiste fad-achair. Is féidir le líonra iompair bunaithe ar bhusanna freastal ar ardéilimh ar feadh chodanna conairí cumaisc fad a chuirtear rochtain dhíreach níos fearr ar an gceantar máguaird den chathair ar fáil. Táthar ag súil go mbainfidh na seirbhísí réigiúnacha a thaistealaíonn go dtí Cathair na Gaillimhe agus ó chathair na Gaillimhe leas as líonra busanna cathrach, mar a leagtar amach sa GTS, lena n-áirítear tograí nua infrastruchtúir sa chathair agus roinnt tograí eile lasmuigh den chathair, mar shampla an scéim conaire bus ar Bhóthar Thuama, atá á forbairt faoi láthair.

**5.3.4.2 Iarnród**
Féachtar ar Chathair na Gaillimhe mar mhol iarnróid ollmhór, mar a aithnítear sa GTS. Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar líon na gcomaitéirí laethúla i gceantar an chontae a úsáideann an líonra iarnróid. Mar chuid den fhorbairt fhadtéarmach ar Stáisiún Cheannt mar acomhal iompair ilmhodhach, cuirfear seirbhísí iarnróid ar fáil níos minice sa chás go mbeidh go

leor éilimh ag paisinéirí orthu agus sa chás go mbainfear úsáid astu. Chonacthas méadú ar an úsáid a bhaineann comaitéirí laethúla as traenacha chun taisteal chun na cathrach nuair a osclaíodh stáisiún ceann aistir Órán Mór ag an Garrán. Tá tóir ar stáisiún Bhaile Átha an Rí freisin ag daoine a chónaíonn in oirthear agus i ndeisceart an chontae agus a thaistealaíonn chuig Stáisiún Cheannt ar an traein. Cuirfidh na feabhsúcháin atá beartaithe a dhéanamh ag Stáisiún Cheannt go mór le taithí an phaisinéara agus ardóidh an líon comaitéirí laethúla a thagann ón nGort, Ard Raithin, Creachmhaoil, Baile Átha an Rí, Órán Mór agus Béal Átha na Sluaighe.

### 5.3.4.3 Páirceáil agus Taisteal

Mheas an GTS roghanna éagsúla chun áiseanna páirceála agus taistil a fhorbairt laistigh de limistéar an staidéir. Laghdóidh áiseanna mar sin an méid tráchta comaitéara a thiocfaidh isteach go ceantar na cathrach agus laghdófar an brú tráchta ó chomaitéirí sa chúlchríoch réigiúnach dá bharr. Déanfar seirbhísí bus sceidealaithe a nascadh leis na háiseanna seo chun a n-inmharthanacht airgeadais a uasmhéadú agus chun raon leathan ceann scríbe a chur ar fáil. Aithneofar suíomhanna oiriúnacha chun an modh iompair seo a éascú agus leagfar amach forbairt an líonra bus chun freastal a dhéanamh ar an bhforás a cheaptar a thiocfaidh in imeacht ama de réir mar a thiocfaidh méadú ar an éileamh.

### 5.3.4.4 Bealaí Rothaíochta

Gné ríthábhachtach den GTS ná líonra rothaíochta tiomnaithe, ardchaighdeáin a fhorbairt laistigh de chathair na Gaillimhe agus den cheantar máguaird, ar a n-áireofar bearta a thugann tosaíocht do rothaithe. An cuspóir atá ann ná daoine a spreagadh an rothaíocht a roghnú mar mhodh taistil agus mar chaitheamh aimsire. Tá sin ag teacht leis an mbeartas náisiúnta a thugann treoir ar bhearta chun cultúr láidir siúil agus rothaíochta a chruthú. Beidh an príomhlíonra bealaí rothaíochta comhdhéanta de thrí ghlasbhealach a nascfaidh Cathair na Gaillimhe leis na lonnaíochtaí tuaithe. Áireofar air sin Órán Mór go dtí lár na cathrach agus go dtí Glasbhealach Bhearna, agus an Glasbhealach ó lár na cathrach go dtí Uachtar Ard.

### 5.3.4.5 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 (GCRR)

Freastalaíonn an líonra bóithre ar raon úsáideoirí agus ar aistir éagsúla laistigh de limistéar staidéir an GTS agus timpeall air. Leanfaidh an chathair agus an ceantar máguaird ar aghaidh ag fás agus gan idirghabháil, is in olcas a rachaidh an brú tráchta ag na bealaí isteach chuig an gcathair agus beidh tionchar aige sin ar fheidhmiúlacht agus rath ginearálta Gheata na Gaillimhe. Tugtar léargas sa GTS ar na bearta a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo. I measc na mbeart tá bainistiú tráchta, bóithre agus naisc níos fearr agus bainistiú páirceála. Dúshlán an-mhór atá sa limistéar staidéir agus tá brú tráchta agus líon ard tráchta ar na saintréithe a bhaineann leis. Ní hé sin an t-aon fhadhb iompair atá ann, ach bíonn tionchar ag na cúinsí sin ar thaithí an duine sa timpeallacht uirbeach agus ar a tharraingtí a bhíonn siúl agus rothaíocht. Tugtar ar aird sa GTS nach féidir i gcónaí na haistir isteach sa chathair agus amach aisti a dhéanamh ar mhodhanna iompair seachas carranna, go háirithe ar bhóithre náisiúnta agus réigiúnacha. Léiríonn na suirbhéanna ar thaisteal agus an samhaltú atá déanta go bhfuil éileamh mór fós ar aistir mar sin i gcarranna, agus go dtiocfaidh ardú ar an éileamh amach anseo. Táthar ag athrú i dtreo modhanna iompair inbhuanaithe, mar a luaitear sa GTS, ach tá an méid brú tráchta atá fós ar an líonra bóithre ag cur isteach ar éifeachtúlacht na modhanna sin. Tugtar le fios sa straitéis go n-éilíonn an laghdú ar bhrú tráchta feabhsúcháin ar líonraí iompair phoiblí, siúlóide agus rothaíochta, chomh maith le cuarbhealach nua a chur ar fáil. Meastar go mbeidh soláthar chuarbhealach nua ag teacht le líonra iompair inbhuanaithe níos fearr de bharr go ndíreoidh sé ar thacú le turais nach féidir a dhéanamh trí bhearta iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear gluaiseachtaí chuig an gcathair, trasna na cathrach agus trasna an chontae. Cuirfidh an acmhainneacht bhreise seo a bhuíochas de chuarbhealach leis na deiseanna chun an spás bóithre atá ann a ath-leithdháileadh lena húsáid ag coisithe, busanna agus rothaithe. Maidir leis sin, meastar go bhfuil an cuarbhealach ar a dtugtar tionscadal an N6 GCRR (a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tabhairt faoi thar ceann na Comhairle Cathrach agus TII), mar chuid ríthábhachtach den Straitéis Iompair don chontae chun an acmhainneacht riachtanach a chur ar fáil agus chun tacú le bearta iompair inbhuanaithe a sholáthar.

**Tá tacaíocht ag an N6 GCRR ó na nithe seo a leanas:**

- Feidhmeoidh an fhorbairt atá beartaithe ar an mbóthar N6 GCRR mar chuid den líonra TEN-T lena n-áirítear na príomhbhealaí iompair i ngach Ballstát AE do gach modh iompair. Tá an N6 timpeall ar Ghaillimh mar chuid den líonra cuimsitheach TEN-T in Éirinn agus tá sé faoi rialú na rialachán AE a bhaineann le hainmniú den chineál sin. Ciallaíonn sin gur bóthar ardcháilíochta le rochtain theoranta a bheidh sa N6 GCRR atá beartaithe. Tá sin amhlaidh lena chinntiú go bhfeidhmeoidh an bóthar mar a bhí beartaithe chun feabhas a chur ar infrastruchtúr iompair na Gaillimhe le rialú ceart ar rochtain via acomhail agus mar sin ag cinntiú gluaiseacht réidh ar feadh an bhealaigh atá beartaithe.
- Tá an N6 GCRR ag teacht leis na tosaíochtaí a leagadh amach i roinnt cáipéisí tosaíochtaí náisiúnta de chuid an Rialtais, ina measc *an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013,Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair* 2010-2022 agus *an Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020* ina bhfuil spriocanna maidir le dul i ngleic le heasnaimh ar infrastruchtúr iompraíochta. Léirítear ar an léarscáil *an Straitéis Spáis Náisiúnta do Réigiún an Iarthair 10* an chonair iompair náisiúnta a shíneann ón N6 ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe, trasna Abhainn na Gaillimhe go dtí an taobh thiar de Ghaillimh d'fhonn freastal ar Chonamara agus Contae na Gaillimhe.
- Cuirtear athbhreithniú an Rialtais i láthair sa cháipéis *Infrastructure and Capital Investment 2012-2016 – Medium Term Exchequer Framework* ar infrastruchtúr, déantar measúnú ar an acmhainneacht atá ann cheana féin, agus aithnítear na bearnaí atá ann fós in infrastruchtúr na hÉireann nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun cabhrú leis an téarnamh eacnamaíochta, comhtháthú sóisialta agus inbhuanaitheacht comhshaoil. Tá an N6 GCRR ag teacht le tosaíochtaí na cáipéise athbhreithnithe seo sa mhéid is go bhféachtar le hiarthar Chontae na Gaillimhe a nascadh leis an gcuid eile den líonra bóithre náisiúnta, agus cumas a chruthú chun cur le soghluaisteacht daoine agus earraí isteach go Gaillimh agus amach aisti.
- Cuirtear creat nua an Rialtais maidir le hinfheistíocht infrastruchtúir in Éirinn i láthair in *Ag Tógáil ar Théarnamh: Infheistíocht Infrastruchtúir agus Chaipitiúil 2016-2021* ina dtugtar tosaíocht do chaiteachas ar na réimsí is mó riachtanas de réir mar a thagann fás i gcónaí ar an ngeilleagar. Tá an N6 GCRR ag teacht leis an gClár Bóithre agus leis na scéimeanna a liostaítear sa cháipéis seo a bhfuil mar aidhm leo deireadh a chur leis na caolais tráchta i roinnt ceantar aitheanta sa tír, Gaillimh ina measc.

### 5.3.~~4.~~6 Sábháilteacht ar Bhóithre

Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis na comhlachtaí cuí chun bealaí iontrála agus acomhail atá ar bhealaí srianta a fheabhsú.

## 5.4 Polasaithe agus Cuspóirí Bóithre agus Iompair

### Polasaithe Bóithre agus Iompair

**Polasaí TI 5 – Bóithre, Sráideanna agus Páirceáil**

Is é polasaí Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhar le gach gníomhaireacht reachtúil agus soláthróir seirbhíse eile líonraí bóthair agus sráide a chur ar fáil a bhíonn sábháilte agus áisiúil, a bhfuil a dóthain cumais acu freastal ar ghluaiseachtaí mótair agus neamh-mhótair, agus a bhfuil ar ardchaighdeán comhshaoil le forbairt agus leagan amach cuí in aice láimhe, go háirithe i gcás sráideanna uirbeacha agus sráidhreacha, agus go gcuirtear saoráidí cuí páirceála ar fáil chun freastal ar bhailte agus ar shráidbhailte laistigh den Chontae. Maidir leis sin, beidh feidhm leis na prionsabail, na cur chuigí agus na caighdeáin a leagtar amach sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013) (lena n-áirítear aon cháipéis roimhe) de réir mar is cuí nuair a bheifear ag tabhairt faoi fhorbairt nua.

**Polasaí TI 6 – Infrastruchtúr Iompair Straitéiseach a Chosaint**
Déanfar iarracht an mórinfheistíocht a rinneadh in infrastruchtúr iompair straitéiseach a chosaint agus a dhaingniú, go háirithe sa líonra bóithre náisiúnta, sna línte iarnróid atá ann cheana féin agus i gConair Iarnróid an Iarthair.

**Polasaí TI 7 – Líonra Bóithre Náisiúnta a Chosaint**
An mótarbhealach agus an líonra bóithre náisiúnta agus na hacomhail bóithre náisiúnta a chosaint ag teacht le beartais Rialtais. An cumas iompair, éifeachtúlacht oibríochta, sábháilteacht agus an mórinfheistíocht a rinneadh i bhforbairt an mhótarbhealaigh agus an líonra náisiúnta bóthair laistigh den Chontae a chosaint mar aon leis an Mótarbhealach M6 Baile Átha Cliath go Gaillimh, an Mótarbhealach M18 An Gort go dtí Croisín, agus an M17/M18 Gaillimh go Tuaim nuair a chríochnófar sin agus Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCRR) má cheadaítear agus má thugtar chun críche é.

**Polasaí TI 8 – Ceanglais Infrastruchtúir Iompair don Gheata agus Iarthar an Chontae**
Is é polasaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe oibriú i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus gach comhlacht reachtúil lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Bonneagar Iompair Éireann (TII) chun freagra oiriúnach infrastruchtúir a~~ fhorbairt~~ i thabhairt i ndáil le riachtanais iompair Gheata na Gaillimhe, an ceantar mórthimpeall agus iarthar an Chontae mar chuid de na bearta atá molta faoi Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS). Áireofar ann infrastruchtúr nua a chur ar fáil mar saoráidí páirceála agus taistil, conair busanna, glasbhealaí, bealaí rothaíochta agus siúlóide agus Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 atá tábhachtach chun an GTS a sholáthar le súil is trácht a mhaolú, amanna taistil a fheabhsú, sábháilteacht a mhéadú do gach úsáideoir bóthair agus ceangal agus rochtain laistigh den réigiún a fheabhsú agus teacht níos fearr a bheith ar réigiún an iarthair i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beidh aird cuí ag gach réiteach den chineál seo ar an riachtanas an timpeallacht a chosaint agus comhlíonfaidh le riachtanais an Treoir maidir le Gnáthóga.

**Polasaí TI 9 – Feabhais ar an Líonra Bóithre agus ar Chonair/Ghlasbhealach Iarnróid an Iarthair**
Beidh sé mar pholasaí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a chinntiú go dtabharfar faoi aon obair a dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe nó aon údarás reachtúil eile ar aon chuid den líonra a chuirfeadh isteach ar Chonair nó ar Bhealach Glas Iarnród an Iarthair ar Bhealach nach ndéanfaidh dochar do mholtaí iompair malartacha dá leithéid a sholáthar sa bhfadtéarma ná d'aon chuspóirí eatramhacha an t-iarnród a úsáid mar ghlasbhealach.

**Polasaí TI 10 - Athrangú ar Bhealaí Srianta**
Is polasaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe é dul i mbun idirchaidrimh le Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le hathrangú a dhéanamh ar Bhealaí Srianta mar thoradh ar thógáil ar mhótarbhealaí.

**Polasaí TI 11 - Comharthaíocht**
Is polasaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe é dul i mbun idirchaidrimh le Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le breis comharthaíochta i mbailte tuaithe in aice le mótarbhealaí d'fhonn seirbhísí atá sna bailte sin a chur chun cinn.

## Cuspóirí Bóithre agus Iompair

**Cuspóir TI 5 – Feabhsuithe Líonra Bóthar agus Iompair**
Éascóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe cur chun chinn na bhfeabhsúchán riachtanach infrastruchtúir, ina measc na bóithre/tionscadail nua atá liostaithe i dTábla 5.1: ***Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Tosaíochta 2015-2021*** agus iad sin atá liostaithe i dTábla 5.2: *Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Áitiúil/Réigiúnach 2015-2021* faoi réir reachtaíochta pleanála Éireannach agus comhshaoil Eorpach lena n-áirítear Alt 6 de Threoir na nGnáthóg agus/nó measúnaithe comhshaoil eile nuair is cuí.

**Cuspóir TI 6 – Bealaí Náisiúnta a Chosaint agus Líonraí de Bhóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht Straitéiseach leo**
Is cuspóir ag an gComhairle acmhainn agus sábháilteacht ar an Líonra Náisiúnta Bóithre agus ar an Líonra de Bhóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht Straitéiseach (liostaithe in gCaighdeán DM 19) leo sa Chontae a chosaint agus a chinntiú go gcomhlíontar na *Treoirlínte Pleanála Spáis agus Bóithre Náisiúnta (2012*). De ghnáth ní cheadóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe tograí forbartha lena bhfuil rochtain dhíreach ar phríomhbhóthar náisiúnta nó ar bhóthar tánaisteach ar bith mar chuid de lasmuigh den chrios teorann luais 50-60csu do bhailte agus do shráidbhailte.

**Cuspóir TI 7 – Ionaid Amhairc Seirbhíse/Limistéar Scíthe agus Tarraingteacha**

**a)** Tacú le Bonneagar Iompair Éireann (TII) ó thaobh seirbhísí agus saoráidí limistéir scíthe a sholáthar a d'fhéadfadh an TII a mholadh agus aird a thabhairt ar fhorálacha Alt 2.8 de *Threoirlínte Pleanála Spáis agus Bóithre Náisiúnta* DoECLG agus an *Beartas na Seirbhíse NRA (Lúnasa 2014)* maidir le haon mholtaí eile i dtaobh saoráidí seirbhíse taobh bóthair nó saoráidí seirbhísí as líne feadh Bóithre Náisiúnta agus acomhail a bheadh á gcur chun cinn ag forbróirí príobháideacha;

**b)** Tacú le forbairt ionad amhairc tarraingteacha ar an infrastruchtúr bóthair atá ann cheana féin nuair a bhíonn sin cuí, ag laghdú an tionchar ar an gcomhshaol agus aird iomlán a thabhairt ar threoircháipéisí DoECLG maidir le forbairt ar bhóithre náisiúnta.

**Cuspóir TI 8 – Pleananna Bainistithe Tráchta**
Athbhreithniú ar Phleananna Bainistithe Tráchta i mBéal Átha na Sluaighe, i bPort Omna, sa Ghort, i mBaile Átha an Rí, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i gCill Rónáin, in Uachtar Ard agus sa Chloigeann a bhreithniú. Pleananna Bainistithe Tráchta a dhéanamh do Chreach Mhaoil, d'Áth Cinn, do Chinn Mhara, do Bhearna, do Bhaile Chláir, do Mhaigh Cuilinn, don Líonán agus don Dún Mór.

**Cuspóir TI 9 – Páirceáil Cairr**
Saoráidí páirceála i mbailte agus i sráidbhailte a sholáthar/a fheabhsú de réir éileamh forbartha agus tráchta. Beidh na riachtanais páirceála cairr de réir na gcaighdeán agus na dtreoirlínte mar atá leagtha amach faoi Alt 13 de: Treoirlínte agus Caighdeáin Bainistithe Forbartha sa phlean seo faoi Treoirlínte d'Iompar, do Bhóithre, do Pháirceáil, do Lódáil agus do Stóráil.

**Cuspóir TI 10 – Measúnú Iompair agus Tráchta (TTA) agus Iniúchtaí Sábháilteachta Bóithre (RSA)**
Éileofar go mbeidh TTA agus RSA i dteannta gach mórthogra forbartha beartaithe nua, a bheidh comhchomhairleoirí inniúla oiriúnacha ina mbun agus a bheidh measúnaithe i gcomhar leis an tionchar iomlán a bheith acu ar fhorbairtí in aice láimhe ar an líonra bóthair de réir na riachtanas atá i dTreoirlínte Measúnaithe Iompair agus Tráchta an TII agus aird á thabhairt ar an RSA san *Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair GE-STY-01024 (HD19/15) (mar aon le cáipéis nuashonraithe a tháinig ina dhiaidh sin).*

**Cuspóir TI 11 – Líonra Sráideanna Uirbeacha agus Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha**
Tacú le cóireáil ar an líonra bóthair laistigh de limistéir built i mbailte ar nós sráideanna uirbeacha a thugann tús áite do choisithe, a fhreastalaíonn ar rothaithe nuair is féidir agus a thacaíonn le gluaiseachtaí poiblí agus príobháideacha, stopadh agus páirceáil, de réir mar a bhíonn cuí. Dá bhrí sin, cuirfear na prionsabail, na cuir chuigí, agus na caighdeáin atá leagtha amach sa *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre & Sráideanna Uirbeacha* (2013) *(mar aon le cáipéis nuashonraithe/ superseding)* i bhfeidhm ar fhorbairt nua de réir mar a bheidh cuí.

**Cuspóir TI 12 – Torann**
Éileofar go mbeidh measúnú torainn le gach forbairt bheartaithe nua, a mheastar a bheith íogair ó thaobh torainn de, laistigh de 300m de bhóithre a bhíonn toirteanna tráchta níos mó ná 8,2200 AADT orthu mar aon le bearta maolaithe más gá leis na cáipéisí iarratais pleanála.

**Cuspóir TI 13 – Comharthaí ar gach Bóthar nó a bhíonn le feiceáil ar gach Bóthar**
Seachain iomadú comharthaíocht tráchta neamhbhóthair ar gach bóthar agus in aice le gach

bóthar ar leas sábháilteachta tráchta agus áis amhairc, de réir na *dTreoirlínte Pleanála Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála* (2012). Déanfar cáipéis an TII *Policy and Provision of Tourist and Leisure Signage on National Road March 2011* (lena n-áirítear aon cháipéis nuashonraithe/dímholta) a bhreithniú agus forbairtí chuí á measúnú.

**Cuspóir TI 14 – Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair**
Córas bóthair sábháilte a chur ar fáil ar fud an Chontae trí Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair, a bheidh leanúint leis an gclár bearta sábháilteachta ar chostas íseal, comharthaíocht agus líniú, moilliú tráchta agus idirchaidreamh le húdaráis scoile mar chuid de lena chinntiú go gcuireann scoileanna gnéithe sábháilteachta ar fáil de réir mar is cuí.

**Cuspóir TI 15 - Ceanglais Infrastruchtúir Iompair don Gheata agus d'Iarthar an Chontae**
Is cuspóir ag Comhairle Chontae na Gaillimhe oibriú le gach comhlacht cuí lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun an feabhas riachtanach ar an infrastruchtúr iompair, lena n-áirítear infrastruchtúr nua más gá a chur i gcrích, chomh maith leis na beartais cosanta comhshaoil ag leibhéal an phlean agus na bearta maolaithe a leagtar amach faoi Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS). Áireofar ann infrastruchtúr nua a chur ar fáil mar áiseanna páirceála agus taistil, conair busanna, glasbhealaí, bealaí rothaíochta agus siúil agus Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 (GCRR) *mar a leagtar amach sna Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Tosaíochta 2015-2021 i dTábla 5.1* – nithe ar fad atá tábhachtach chun an GTS a sholáthar, le súil agus forbairt eacnamaíochta agus sóisialta Gheata na Gaillimhe agus iarthar an Chontae sa mheántéarma agus sa ghearrtéarma a chinntiú.
Tabharfar aird in aon infheistíocht nó togra dá leithéid ar an ngá atá ann an comhshaol a chosaint agus géillfear go hiomlán d'fhorálacha na reachtaíochta ábhartha, lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga.

## Cuspóirí Iompair Phoiblí

**Cuspóir TI 16 – Forbairt Inbhuanaithe Chonair Iarnróid an Iarthair**
Conair Iarnróid an Iarthair a chothabháil mar rogha d'iompair traenach paisinéirí agus lastais agus tacú le hoscailt a bhfuil fágtha de bhealach Conair Iarnróid an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí go Cúil Mhuine.

**Cuspóir TI 17 – Seirbhísí Bus agus an Clár Iompair Tuaithe (RTP)**

- **a)** Tacú le soláthar seirbhísí bus poiblí agus príobháideacha mar aon le hinfrastruchtúr coimhdeach lena n-áirítear scáthláin bus, saoráidí páirceála agus taistil ag áiteanna cuí;
- **b)** Tacú agus cuidiú leis an Tionscnamh Iompair Tuaithe mar aon le hathbhreithniú ar bith a dhéanfar air. Oibriú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/le pobail áitiúla lena n-áirítear Aonad Comhordaithe Iompair na Gaillimhe (TCU) chun pobal inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn – scéim bunaithe ar iompar poiblí;
- **c)** A chinntiú go dtugtar aird ar riachtanais daoine faoi mhíchumas de réir ceanglais rialacháin i gcás gach seirbhís bus agus infrastruchtúr coimhdeach lena n-áirítear scáthláin bus agus saoráidí páirceáil agus taisteal a bheith in áiteanna oiriúnacha. Beidh tacaíochtaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi réir comhlíontais sula soláthraítear iad.

**Cuspóir TI 18 – Plean Iompair Poiblí**
Réiteoidh an Chomhairle Plean Iompair Poiblí i gcomhar agus i gcomhoibriú leis an Údarás Iompair Náisiúnta, le hAonad Comhordaithe Iompair na Gaillimhe (TCU) agus gníomhaireachtaí eile lena mbaineann.

**Cuspóir TI 19 – Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta na Gaillimhe**
Moltaí agus tograí as na *Staidéar Scóipe do Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta* agus as *Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta na Gaillimhe 2013* mar atá leagtha amach i dTábla 5.1*:*Cuspóirí Infrastruchtúr Iompair Tosaíochta do Chontae na Gaillimhe 2015-2021 a chur i bhfeidhm.

**Cuspóir TI 21- Straitéis Iompair na Gaillimhe**
Is cuspóir ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tacú le gné iompair phoiblí Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus a éascú i ndáil le gach modh iompair.

## Cuspóirí Iompair Aeir

Scríobhtar na cuspóirí seo a leanas le soláthar aerstráicí d'fhorbairt phleanála agus inbhuanaithe chuí an limistéir san áireamh.

**Cuspóir TI 22 – Aerstráicí Áitiúla**
Déanfaidh an Chomhairle riachtanais forbartha oibríochta, teicniúla agus sábháilteachta amach anseo na n-aerstráicí áitiúla a chosaint laistigh den limistéir feidhmitheach trí aird a thabhairt ar Chomhairle an Údarás Eitlíochta na hÉireann ó thaobh tionchar ar bith a bheadh ag tograí forbartha sa cheantar ar aerstráicí áitiúla.

**Cuspóir TI 23 - Saoráidí Héileapad**
Éascóidh an Chomhairle soláthar saoráidí héileapad i limistéir tionscail/tráchtála, i láithreacha forbartha straitéiseacha nó i limistéir a bhíonn in aice le hospidéil, saoráidí seirbhísí leighis nó saoráidí éigeandála nuair ar féidir sin a dhéanamh agus nuair a bhíonn cuí.

## Cuspóirí Cuanta, Calafoirt, Céanna agus Slipeanna

**Cuspóir TI 24 - Forbairt Inbhuanaithe Calafoirt Farraige Ros an Mhíl agus Chuan na Gaillimhe**
Leanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe ar aghaidh ag aithint tábhacht Ros an Mhíl agus Cuan na Gaillimhe agus cuirfidh sí a bhforbairt inbhuanaithe leanúnach chun cinn agus éascóidh sí sin lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- **a)** Déanfaidh an Chomhairle oibreacha feabhsuithe ar infrastruchtúr bóthair atá ann cheana féin ag freastal ar Ros an Mhíl mar chead acmhainní;
- **b)** Oibriú i gcomhair le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Cuideachta Cuain na Gaillimhe chun idircheangal idir Cuan na Gaillimhe agus Ros an Mhíl a chur chun cinn.

**Cuspóir TI 25 – Forbairt Inbhuanaithe Cuanta, Calafoirt, Céanna agus Slipeanna**


- **a)** Tacú le Cuan Ros an Mhíl a fhorbairt mar chalafort domhainmhara agus tacú le feabhas agus cothabháil cuanta eile lena n-áirítear Inis Oírr agus Inis Meáin, chomh maith le céanna agus slipeanna agus aon infrastruchtúr nua mara a bhreithniú nuair is cuí.
- **b)** Rochtain shábháilte agus áisiúil ar an uisce chun críocha iompair phoiblí, tionscail, tráchtála, tharrthála farraige, turasóireachta, dobharshaothraithe agus áineasa a éascú nuair a bhíonn sin cuí agus má bhíonn acmhainní ar fail.

**Cuspóir TI 26 – Fodhlíthe Cuanta**
Cur i bhfeidhm na bhfodhlíthe cuanta do rialáil agus do rialú gníomhaíochtaí cuain a éascú.

**Cuspóir TI 27 – Iompar Uisce-Iompartha**
Tacú le hoibriú seirbhísí farantóireachta/lastais idir an mórthír agus na hoileáin eischósta laistigh de Chontae na Gaillimhe agus iad sin a bhíonn ag freastal ar Gheatabhealach na Gaillimhe agus ar Chontae an Chláir agus iad sin a éascú. Leathnú amach oiriúnach na seirbhísí/saoráidí sin a éascú thar saolré an phlean i gcomhar le soláthróirí seirbhísí agus le hÚdaráis Áitiúla eile de réir mar a bheidh cuí, ag laghdú an tionchar a bheidh ar an gcomhshaol. De ghnáth ní cheadaítear tograí úsáide talún lena mbainfeadh baol go gcuirfidís as d'oibriú inbhuanaithe na seirbhísí seo.

***Féach Léarscáil TI 1 Líonra Iompair Straitéiseach (arna leasú) ag deireadh na caibidle seo.***

[i] Comhairimh Tráchta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Samhain 2011


N
Teorainn Contae
Lochanna
Geatabhealach na Gaillimhe
GTPS
Nóta: Níl Lonnaíochtaí Beaga léirithe
An Clochán
Uachtar Ard
Maigh Cuilinn
An Cheathrú Rua
Bearna
An Spidéal
Droichead an Chláirín
Tuaim
Áth Cinn
Cora Finne
Gleann na Madadh
Béal Átha Ghártha
Maigh Locha
An Creagán
Baile Chláir
Áth Tiomáin
Móta
Béal Átha na Sluaighe
Baile Átha an Rí
Creachmaoil
Baile Locha Riacha
Cill Cholgáin
Ard Raithín
Cinn Mhara
An Gort
Port Omna
Molbhaile Thuama
Baile Contae Bhéal Átha na Sluaighe
Príomhbhailte (>1500)
Sráidbhailte Eile (<1500)
Príomhbhóithre Náisiúnta
Bóithre Náisiúnta den dara grád
Bóithre Réigiúnacha
Mótarbhealach (M6)
Scéimeanna Ceadaithe NRA
N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe
Stáisiún Traenach
Líne Iarnróid
Líne Iarnróid atá beartaithe
Conair Straitéiseach Eacnamaíoch
Nód Straitéiseach na nArdán/An Garrán
Cuan na Gaillimhe
& Calafort Ros An Mhíl
Céanna & Calafoirt
Aerfoirt & Aerstráicí
Muiríní
Conairí Infrastruchtúir/Iompair
Baile Chláir
TI 1
Intlis na Cathrach ag léiriú N6 Cuarbhóthar Chathair
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
Phlean Forbartha Contae 2015-2021
Teideal
Líonra Iompair Straitéiseach - TI1
Dáta
Aibreán 2017
Línithe
LSL
Scála
NDS